**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2020/0360(COD)**

22.6.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013
(COM(2020)0824 – C9-0417/2020 – 2020/0360(COD))

Rapóirtéir: Marie Toussaint



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá an Eoraip ag déanamh a dícheall chun bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach, agus is plean claochlaithe é an Comhaontú Glas don Eoraip i dtreo geilleagair inbhuanaithe. É sin ráite, is é dó breoslaí iontaise is cúis le 75 % d'astaíochtaí GCT AE. Chun aeráidneodracht a bhaint amach a luaithe is féidir, beidh gá le haistriú fuinnimh tapa, cóir agus iomlán. Ní bheifear in ann an t-aistriú a dhéanamh ach amháin má tá bonneagar leordhóthanach mar bhonn taca leis, tríd an Rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh (Rialachán GTE-F). Tógann sé blianta chun tionscadail bhonneagair a dhearadh, a phleanáil agus a thógáil agus fanann siad i bhfeidhm ar feadh na mblianta.

Tá na bonneagair fuinnimh Eorpacha atá ann faoi láthair ag brath ar mhúnla atá imithe i léig: mórlínte tarchuir le haghaidh leictreachais, gáis agus ola a thugann táirgeadh ar mhórscála chuig ionaid tomhaltais, le línte dáileacháin a dhéanann naisc le custaiméirí deiridh. Déanfaidh an córas fuinnimh a bheidh ann amach anseo córais agus earnálacha éagsúla a chomhtháthú, agus beidh iliomad gníomhaithe ann do tháirgeadh, tiontú, comhiomlánú, bainistiú, iompar agus stóráil fuinnimh, go háirithe ar an leibhéal áitiúil.

Meastar gurb é EUR 318 billiún an luach a bheidh ar riachtanais infheistíochta fuinnimh AE do bhonneagar idir 2030 agus 2050[1]. Dá bhrí sin, is tosaíocht é cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh chun costais a choinneáil faoi smacht, agus go leor comhthairbhí a sholáthar ag an am céanna. Ní féidir leis an Eoraip acmhainní a chur amú i sócmhainní tréigthe. Ba cheart measúnú cuí a dhéanamh ar gach tionscadal nua 'crua-earraí' in aghaidh roghanna malartacha 'neamhshreangacha', agus ba cheart go mbeadh an measúnú sin bunaithe ar chritéir inbhuanaitheachta fhónta lena ráthófar rannchuidiú iomlán le sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach.

De réir fhormhór na gcásanna, is le fuinneamh a tháirgtear ó fhoinsí inathnuaite a dhéanfar freastal iomlán, nach mór, ar an éileamh ar fhuinneamh iarmharach. Cé go mbeidh gá le leathnú a dhéanamh ar an mbonneagar tarchurtha fad-achair chun leas a bhaint as fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, ní mór dúinn eangacha dáileacháin cliste, réitigh stórála agus solúbthachta a fhorbairt chun déileáil le hinathraitheacht an tsoláthair ó shuiteálacha inathnuaite ar mhionscála. Is féidir hidrigin inathnuaite a úsáid le haghaidh feidhmeanna ina mbeadh an leictriú díreach deacair ó thaobh na teicneolaíochta de.

Mar Chomhaltaí ENVI, tá sé de shaincheart againn reachtaíocht bhonneagair a chosaint, ar reachtaíocht í a chuireann AE ar an mbóthar ceart chun astaíochtaí a laghdú ar bhonn eolaíochtbhunaithe, chun acmhainní a chosaint agus rialú daonlathach éifeachtach a áirithiú. Dá bhrí sin, molann an rapóirtéir an méid seo a leanas:

### Creat nua rialachais chun bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a oibríochtú agus chun gnóthú spriocanna aeráide AE a ráthú

Níl aon amhras ach go bhfuil saineolas ag oibreoirí greasáin, ach is léir go bhfuil spéis acu i leathnú an bhonneagair freisin. Ní mór dúinn gan a bheith ag brath orthu amháin chun measúnú

---

[1] COM *Stepping up Europe's 2030 climate ambition, Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030, Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach ar son leas ár muintire]SWD/2020/176 final. Tábla 12: Infheistíocht bhliantúil bhreise i gcomparáid le BSL do gach cás beartais agus leagan malartach MIX-nonCO2 (2021-2030 agus 2031-2050, billiún euro 2015); hhttps://ec.europa.eu/clima/sites/clima/files/docs/pages/com_2018_733_analysis_in_support_en_0.pdf, tábla 2 lch. 202

neamhchlaonta a dhéanamh ar thionscadail crua-earraí i gcoinne na héifeachtúlachta fuinnimh agus na roghanna solúbthachta agus maidir le comhtháthú na n-earnálacha leictreachais, téimh agus fuaraithe, an tionscail agus an iompair.

Dá bhrí sin, tugtar isteach 'Comhairle um Bonneagar Fuinnimh' (EIC) cothrom agus cuimsitheach, comhdhéanta d'oibreoirí margaidh ó na hearnálacha ábhartha uile, saineolaithe neamhspleácha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ullmhóidh EIC an anailís costais is tairbhe ar fud an chórais, an anailís ar an mbearna sa bhonneagar, cásanna comhtháite chomh maith leis an bPlean Forbartha Gréasáin Deich mBliana agus peirspictíocht fhadtéarmach láidir go dtí 2050.

**Rialú daonlathach feabhsaithe agus rannpháirtíocht chuimsitheach**

Ní tharlóidh an t-aistriú fuinnimh gan meon tacaíochta a bheith ag saoránaigh. Tá sé ríthábhachtach páirt a thabhairt dóibh sa phróiseas pleanála do bhonneagair fuinnimh. Ba cheart do pháirtithe leasmhara agus don tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach in obair EIC. Ní mór trédhearcacht a áirithiú le linn an phróisis, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine dúchasacha agus ar phobail imeallaithe maidir le rogha agus dearadh bonneagar. Déantar ról na Parlaiminte i roghnú na dtionscadal leasa choitinn a threisiú freisin, trí ghrinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha tarmligthe de réir catagóire bonneagair.

**Tosaíocht a thabhairt don fhuinneamh inathnuaite agus don dílárú**

Chun go dtiocfaidh fás easpónantúil ar fhuinneamh inathnuaite, is gá go leathnófar dáileadh agus eangacha leictreachais cliste, leictreoirí chun go dtáirgfidh siad hidrigin inathnuaite, bonneagar iompair lena mbaineann, mar aon le gréasáin téimh agus fuaraithe leathnaithe. Ní thacaíonn GTE-F i gceart leis na hinfheistíochtaí sin, áfach. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir critéir a oiriúnú, go háirithe trí thairseacha méide tionscadail a ísliú agus trí thairbhí tionscadail a luacháil thar a gcumas chun acmhainn fhisiciúil aistrithe trasteorann a mhéadú.

Molann an rapóirtéir go ndéanfaí tionscadail bonneagair gáis agus CO2 a eisiamh ó raon feidhme GTE-F: ní gá ach oiriúnuithe bonneagair teoranta a dhéanamh ar an méadú féideartha ar thionscadail gháis inathnuaite ar mhionscála; i bhfianaise na féidearthachta foinsí fuinnimh inathnuaite a chur in ionad táirgeadh fuinnimh iontaise-bhunaithe, ní bheidh baint ag tionscadail ghabhála CO2 féideartha le hearnáil an fhuinnimh agus dá bhrí sin le GTE-F.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (14) Thairis sin, ba é an chonclúid a baineadh as an Straitéis Hidrigine ón gCoimisiún[29] go bhfuil gréasán bonneagair mórscála ag teastáil chun an hidrigin a úsáid mar is gá agus gur gné thábhachtach é sin a bhfuil an tAontas agus an margadh aonair, agus iad sin amháin, in ann a chur ar fáil. Faoi láthair, is beag bonneagar tiomanta atá ann chun an hidrigin a iompar agus a thrádáil thar theorainneacha. Ba cheart gurb é is mó a bheidh i mbonneagar den chineál sin acmhainní arna dtiontú ón ngás nádúrtha agus, mar chomhlánú air sin, sócmhainní nua atá tiomanta don hidrigin. Thairis sin, leagtar sprioc straitéiseach amach sa Straitéis Hidrigine maidir le hacmhainneacht leictrealaithe suiteáilte a mhéadú go 40 GW faoi 2030 d'fhonn borradh a chur faoi tháirgiúlacht na hidrigine in-athnuaite agus éascú a dhéanamh ar dhícharbónú na n-earnálacha atá ag brath ar bhreoslaí iontaise, na hearnálacha ar nós an tionscail nó iompair. Dá bhrí sin, mar chuid de bheartas GTE-F, ba cheart bonneagar nua athchuspóra le haghaidh tarchur agus stóráil hidrigine mar aon le háiseanna le haghaidh leictrealaithe a chur san áireamh. Ba cheart bonneagar le haghaidh tarchur agus stóráil hidrigine a chur san áireamh freisin sa phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ionas go mbeifear in ann measúnú cuimsitheach comhsheasmhach a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhaineann leo ó thaobh an chórais fuinnimh de, lena n-áirítear an méid a thacaíonn siad le comhtháthú agus dícharbónú earnála, d'fhonn cnámh droma hidrigine a chruthú don Aontas. | (14) Thairis sin, ba é an chonclúid a baineadh as an Straitéis Hidrigine ón gCoimisiún[29] go bhfuil gréasán bonneagair mórscála ag teastáil chun an hidrigin a úsáid mar is gá agus gur gné thábhachtach é sin a bhfuil an tAontas agus an margadh aonair, agus iad sin amháin, in ann a chur ar fáil. Faoi láthair, is beag bonneagar tiomanta atá ann chun an hidrigin a iompar agus a thrádáil thar theorainneacha. Ba cheart gurb é is mó a bheidh i ***mbonneagar*** den chineál sin acmhainní arna dtiontú ón ngás nádúrtha agus, mar chomhlánú air sin, sócmhainní nua atá tiomanta don hidrigin. Thairis sin, leagtar sprioc straitéiseach amach sa Straitéis Hidrigine maidir le hacmhainneacht leictrealaithe suiteáilte a mhéadú go 40 GW faoi 2030 d'fhonn borradh a chur faoi tháirgiúlacht na hidrigine inathnuaite agus éascú a dhéanamh ar dhícharbónú na n-earnálacha atá ag brath ar bhreoslaí iontaise, na hearnálacha ar nós an tionscail nó iompair. Dá bhrí sin, mar chuid de bheartas GTE-F, ba cheart bonneagar nua athchuspóra le haghaidh tarchur ***agus dáileadh*** agus stóráil hidrigine mar aon le háiseanna le haghaidh leictrealaithe a chur san áireamh. Ba cheart bonneagar le haghaidh tarchur***, dáileadh*** agus stóráil hidrigine a chur san áireamh freisin sa phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ionas go mbeifear in ann measúnú cuimsitheach comhsheasmhach a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a bhaineann leo ó thaobh an chórais fuinnimh de, lena n-áirítear an méid a thacaíonn siad le comhtháthú agus dícharbónú earnála, d'fhonn cnámh droma hidrigine a chruthú don Aontas. ***Ba cheart catagóir nua a chruthú do ghréasáin téimh agus fuaraithe do thionscadail a bhfuil mais chriticiúil íosta acu i gcomhréir leis an measúnú ar Straitéis an Aontais maidir le Téamh agus Fuarú agus ar Straitéis an Aontais maidir le*** |

***Comhtháthú Córas Fuinnimh, lena scaoiltear acmhainneacht teicneolaíochtaí téimh agus fuaraithe atá bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite, mar aon le teicneolaíochtaí nuálacha téimh agus fuaraithe lena mbaintear leas as farasbarr dosheachanta téimh agus fuaraithe ó láithreáin thionsclaíocha.***

[29] *A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe*, [Straitéis Hidrigine le haghaidh Eoraip aeráidneodrach] COM(2020) 0301 final.

[29] *A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe*, [Straitéis Hidrigine le haghaidh Eoraip aeráidneodrach] COM(2020)0301.

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Thairis sin, ba cheart catagóir nua bonneagair a chruthú le haghaidh eangacha cliste gáis chun tacú le hinfheistíochtaí lena ndéantar gáis in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** a chomhtháthú, gáis ***ar nós an bhithgháis, an bhithmheatáin,*** agus na hidrigine***,*** agus chun cuidiú le bainistiú an chórais a éiríonn as sin, córas atá níos casta, trí leas a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha atá ann. | (15) Thairis sin, ba cheart catagóir nua bonneagair a chruthú le haghaidh eangacha cliste gáis chun tacú le hinfheistíochtaí lena ndéantar gáis inathnuaite agus hidrigin a chomhthahú sa ghréasán, agus chun cuidiú le bainistiú an chórais a éiríonn as sin, córas atá níos casta, trí leas a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha atá ann. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ***Léiríodh gur éifeachtach é*** próiseas an phlean uile-Aontais deich mbliana ***mar*** bhonn maidir le sainaithint tionscadal leasa choitinn i gcatagóirí an | (20) Tá an phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ***mar*** bhonn maidir le sainaithint tionscadal leasa choitinn i gcatagóirí an leictreachais agus |

leictreachais agus an gháis. Mar sin féin, ***cé gur tábhachtach an ról atá ag an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Gáis agus Leictreachais agus ag oibreoirí córais tharchurtha sa phróiseas, tá gá le tuilleadh grinnscrúdaithe chun muinín as an bpróiseas a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann le*** cásanna a shainmhíniú le haghaidh ***an ama amach anseo,*** bearnaí agus ***scrogaill fhadtéarmacha*** sa bhonneagar ***a shainaithint agus tionscadail ar leith a mheasúnú. Dá bhrí sin, i bhfianaise an ghá le bailíochtú neamhspleách,*** ba cheart ról méadaithe a bheith ag an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht') agus ag an gCoimisiún sa phróiseas***, lena n-áirítear*** <u>sa phróiseas</u> ***chun*** an plean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin a tharraingt suas de bhun Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] .

an gháis. Mar sin féin, ***tá gá le fís fhadtéarmach chun a ráthú go nglacfar modheolaíochtaí agus*** cásanna ***a sheasfaidh an aimsir agus lena rannchuideofar le cuspóirí aeráide 2030, agus cuspóirí forbartha fuinnimh 2040 amach ón gcósta a bhaint amach agus an cuspóir maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí. Tá géarghá le saineolas eolaíoch agus leis an bhfianaise is fearr atá ar fáil agus cothrom le dáta, mar aon le faisnéis faoin athrú aeráide atá fíorasach agus trédhearcach araon, agus is gá an saineolas sin chun taca a chur faoi ghníomhú an Aontais ar son na haeráide agus faoi na hiarrachtaí atá ar bun aige aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Dá bhrí sin, an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide (ESABCC) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30a] [an Dlí Aeráide Eorpach] ba cheart é a chomhtháthú sa phróiseas rialachais chun a áirithiú go bhfuil na modheolaíochtaí*** le haghaidh na ***hanailíse costais is tairbhe, na gcásanna agus*** na mbearnaí bonneagair agus ***liostaí an Aontais de thionscadail leasa choitinn i gcomhréir le cuspóirí aeráide an Aontais.*** Ba cheart ról méadaithe a bheith ag an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht') agus ag an gCoimisiún sa phróiseas chun an plean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin a tharraingt suas de bhun Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]***. Ina theannta sin, ba cheart feabhas a chur ar ról na bpáirtithe leasmhara eile agus na rannpháirtithe eile sa mhargadh, ó thaobh an éilimh de, mar shampla***.

[30a] ***Rialachán (AE) 2021/.... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L ...).***

[31] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

[32] Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

[31] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

[32] Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ***I ndiaidh dlúthchomhairliúcháin leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ar fad, shainaithin an Coimisiún 13*** thosaíocht straitéiseacha maidir le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach a bhfuil a gcur chun feidhme bunriachtanach chun spriocanna bheartas fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050 an Aontais a bhaint amach. Cumhdaíonn na tosaíochtaí sin réigiúin gheografacha nó réimsí téamacha éagsúla i réimsí tharchur agus stóráil an leictreachais, na n-eangach eischósta le haghaidh fuinnimh in-athnuaite, tharchur agus stóráil na hidrigine, na leictrealaithe, na n-eangach cliste ***gáis***, na n-eangach cliste ***leictreachais*** agus an iompair dé-ocsaíde carbóin. | (23) ***Tá 14*** thosaíocht straitéiseacha maidir le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach a bhfuil a gcur chun feidhme bunriachtanach chun spriocanna bheartas fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050 an Aontais a bhaint amach. Cumhdaíonn na tosaíochtaí sin réigiúin gheografacha nó réimsí téamacha éagsúla i réimsí tharchur***, dháileadh*** agus stóráil an leictreachais, na n-eangach eischósta le haghaidh fuinnimh inathnuaite ***agus hidrigine, na ngréasán téimh agus fuaraithe***, tharchur***, dháileadh*** agus stóráil na hidrigine, na leictreoirí, na n-eangach cliste ***leictreachais***, na n-eangach cliste ***gáis*** agus an iompair dé-ocsaíde carbóin. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart do thionscadail leasa choitinn critéir choiteanna, thrédhearcacha agus oibiachtúla a chomhlíonadh i bhfianaise a rannchuidithe leis na cuspóirí beartais fuinnimh. Chun go mbeadh siad incháilithe lena n-áireamh ar na liostaí Aontais, ba cheart do thionscadail ***leictreachais agus hidrigine*** a bheith sa phlean uile-Aontais deich mbliana is déanaí atá ar fáil maidir le forbairt gréasáin. ***Ó*** tharla nach gcumhdaítear ***bonneagar*** hidrigine sa phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin faoi láthair, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas ***seo*** maidir le tionscadail ***hidrigine*** ach ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh chun críocha an dara liosta Aontais a tharraingeofar suas de bhun an Rialacháin seo. | (24) Ba cheart go gcomhlíonfadh tionscadail leasa choitinn agus leasa ***fhrithpháirtigh*** critéir choiteanna, thrédhearcacha agus oibiachtúla i bhfianaise a rannchuidithe leis na cuspóirí beartais fuinnimh. Chun go mbeadh siad incháilithe lena n-áireamh ar na liostaí Aontais, ba cheart do ***gach*** tionscadal a bheith sa phlean uile-Aontais deich mbliana is déanaí atá ar fáil maidir le forbairt gréasáin. ***Cé go bhfuil siad incháilithe lena n-áireamh ar liostaí tionscadal de ghrúpaí réigiúnacha a luaithe a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, ní áirítear eangacha cliste leictreachais, eangacha gáis cliste,*** hidrigin***, leictreoirí agus gréasáin téimh agus fuaraithe*** sa phlean deich mbliana uile-Aontais maidir le forbairt gréasáin faoi láthair***.*** Níor cheart feidhm a bheith ag ***an*** gceanglas maidir leis na tionscadail ***sin*** ach ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh chun críocha an dara liosta Aontais a tharraingeofar suas de bhun an Rialacháin seo. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart grúpaí réigiúnacha a bhunú chun tionscadail leasa choitinn a mholadh agus a athbhreithniú, agus a mbeadh bunú liostaí réigiúnacha de thionscadail leasa choitinn mar thoradh orthu. Chun comhaontú leathan a áirithiú, ba cheart do na grúpaí réigiúnacha sin | (25) Ba cheart grúpaí réigiúnacha a bhunú chun tionscadail leasa choitinn a mholadh agus a athbhreithniú, agus a mbeadh bunú liostaí réigiúnacha de thionscadail leasa choitinn mar thoradh orthu. Chun comhaontú leathan a áirithiú, ba cheart do na grúpaí réigiúnacha sin |

| | |
|---|---|
| dlúthchomhar a áirithiú idir Ballstáit, údaráis rialála náisiúnta, tionscnóirí tionscadail ***agus*** páirtithe leasmhara ábhartha. I gcomhthéacs an chomhair sin, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta comhairle a chur ar na grúpaí réigiúnacha más gá***, inter alia,*** maidir le féidearthacht na ngnéithe rialála de thionscadail bheartaithe agus maidir le féidearthacht an tráthchláir bheartaithe i gcomhair formheasa rialála. | dlúthchomhar a áirithiú idir Ballstáit, údaráis rialála náisiúnta, tionscnóirí tionscadail***,*** páirtithe leasmhara ábhartha***, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta***. I gcomhthéacs an chomhair sin, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta comhairle a chur ar na grúpaí réigiúnacha más gá maidir le féidearthacht na ngnéithe rialála de thionscadail bheartaithe, ***maidir le comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na spriocanna aeráide*** agus maidir le féidearthacht an tráthchláir bheartaithe i gcomhair formheasa rialála. ***Ba cheart go mbeadh rochtain ag an bpobal ar chomhdhéanamh, ar ghníomhaíocht agus ar chinntí grúpaí réigiúnacha.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Ba cheart an plé maidir le leithdháileadh iomchuí costas a bhunú ar anailís ar na costais agus na sochair a bhaineann le tionscadal bonneagair, anailís a dhéanfar ar bhonn modheolaíochta comhchuibhithe chun anailís uile-chórais a dhéanamh ar fhuinneamh, agus an cás céanna á úsáid agus a úsáideadh tráth a cuireadh an tionscadal ar an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn, faoi chuimsiú na bpleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ***arna n-ullmhú ag Gréasáin Eorpacha na nOibreoirí Córais Tharchurtha de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2019/943 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, ar measúnú é a ndéanfaidh an Ghníomhaireacht athbhreithniú air. San*** anailís sin, is féidir aird a thabhairt ar tháscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha le haghaidh chomparáid a dhéanamh ar na gcostas aonaid | (39) Ba cheart an plé maidir le leithdháileadh iomchuí costas a bhunú ar anailís ar na costais agus na sochair a bhaineann le tionscadal bonneagair, anailís a dhéanfar ar bhonn modheolaíochta comhchuibhithe chun anailís uile-chórais ar fhuinneamh ***agus anailís comhoiriúnachta aeráide*** a dhéanamh, agus an cás céanna á úsáid agus a úsáideadh tráth a cuireadh an tionscadal ar an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn, faoi chuimsiú na na bpleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin. ***Ba cheart a chur san áireamh san anailís costais is tairbhe sin astaíochtaí saolré iomlán tionscadail, mar aon le critéir inbhuanaitheachta eile. San*** anailís, is féidir aird a thabhairt ar tháscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha le haghaidh comparáid a dhéanamh ar na gcostas aonaid infheistíochta. |

infheistíochta.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Chun a áirithiú go léireoidh comhdhéanamh na gconairí tosaíochta agus na réimsí téamacha forbairt an bhonneagair fuinnimh ar an mbealach is fearr, agus go leanann líon na dtionscadal iarrthóra i ngach grúpa de bheith iomchuí agus réasúnta sa tslí gur féidir measúnú cuimsitheach críochnúil a dhéanamh orthu, agus chun a áirithiú go mbeidh an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn teoranta do na tionscadail ar mó a rannchuidiú le cur chun feidhme na gconairí tosaíochta straitéiseacha le haghaidh bonneagar fuinnimh agus na réimsí téamacha, ba cheart ***an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún***: | (50) Chun a áirithiú go léireoidh comhdhéanamh na gconairí tosaíochta agus na réimsí téamacha forbairt an bhonneagair fuinnimh ar an mbealach is fearr agus go leanfaidh líon na dtionscadal iarrthóra i ngach grúpa de bheith iomchuí agus réasúnta sa tslí gur féidir measúnú cuimsitheach críochnúil a dhéanamh orthu, agus chun a áirithiú go mbeidh an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn teoranta do na tionscadail ar mó a rannchuidiú le cur chun feidhme na gconairí tosaíochta straitéiseacha le haghaidh bonneagar fuinnimh agus na réimsí téamacha, ba cheart ***go ndéanfaí athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 30 Meitheamh 2027, go háirithe d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh***: |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair a chuirtear san áireamh an gá atá le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo a áirithiú, i bhfianaise líon na dtionscadal atá ar liostaí an Aontais go dtí seo, ba cheart go mbeadh líon iomlán na dtionscadal leasa choitinn fós inláimhsithe agus, ***dá bhrí sin***, níor cheart go mbeadh a líon ***go suntasach*** níos mó ná 220. Agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, ba cheart don | Nuair a chuirtear san áireamh an gá atá le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo a áirithiú, i bhfianaise líon na dtionscadal atá ar liostaí an Aontais go dtí seo, ba cheart líon iomlán na dtionscadal leasa choitinn a bheith fós inláimhsithe, ***a chur i láthair de réir catagóire*** agus níor cheart a líon a bheith níos mó ná 220. Agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, ba cheart don Choimisiún a |

Choimisiún a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. I gcás ina measann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gur gá sin, féadfaidh siad araon saineolaithe a chur chuig cruinnithe shainghrúpaí an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe chuig a mbeidh cuireadh faighte ag saineolaithe ó na Ballstáit. Tá an plé sna grúpaí réigiúnacha ríthábhachtach chun go nglacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe lena mbunaítear na liostaí tionscadal leasa choitinn. Dá bhrí sin, is iomchuí, a mhéid is féidir agus is comhoiriúnach do chreat an Rialacháin seo, go gcuirfear Parlaimint na hEorpa agus shud an Chomhairle ar an eolas faoi aon chruinniú de chuid na ngrúpaí réigiúnacha agus go bhféadfaidh siad saineolaithe a chur chuig na cruinnithe sin i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Rialáil Níos Fearr[44] .

áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. I gcás ina measann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gur gá sin, féadfaidh siad araon saineolaithe a chur chuig cruinnithe shainghrúpaí an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe chuig a mbeidh cuireadh faighte ag saineolaithe ó na Ballstáit. Tá an plé sna grúpaí réigiúnacha ríthábhachtach chun go nglacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe lena mbunaítear na liostaí tionscadal leasa choitinn. Dá bhrí sin, is iomchuí, a mhéid is féidir agus is comhoiriúnach do chreat an Rialacháin seo, go gcuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon chruinniú de chuid na ngrúpaí réigiúnacha agus go bhféadfaidh siad saineolaithe a chur chuig na cruinnithe sin i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Rialáil Níos Fearr[44].

[44] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

[44] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sa Rialachán seo leagtar síos treoirlínte maidir le forbairt agus idir-inoibritheacht thráthúil na gconairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I (‘conairí agus réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh’) a rannchuidíonn le spriocanna aeráide agus | 1. Sa Rialachán seo leagtar síos treoirlínte maidir le forbairt agus idir-inoibritheacht thráthúil na gconairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I (‘conairí agus réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh’) a |

| | |
|---|---|
| fuinnimh an Aontais le haghaidh 2030 agus leis ***an*** gcuspóir aeráidneodrachta le haghaidh 2050. | rannchuidíonn leis an méid seo a leanas***:*** |
| | ***(i) gnóthú na sprice fadtéarmaí maidir le teocht dhomhanda a leagtar amach in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras, agus eolaíocht atá cothrom le dáta á cur san áireamh, go háirithe tuarascáil speisialta IPCC ar an téamh domhanda 1,5 °C, agus baint amach*** spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais le haghaidh 2030 agus an chuspóra aeráidneodrachta faoi 2050 ***ar a dhéanaí, agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabal an réamhchúraim agus don phrionsabal go ndéanfar bearta coisctheacha, go mbeidh sé mar thosaíocht damáiste don chomhshaol a leigheas ag an bhfoinse agus gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as***; |
| | ***(ii) comhtháthú mhargadh fuinnimh an Aontais, cinnteacht an tsoláthair, inbhuanaitheacht agus iomaíochas.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tugtar aghaidh ar shainaithint tionscadal leasa choitinn a bhfuil gá leo chun conairí agus réimsí tosaíochta a chur chun feidhme a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh maidir le leictreachas, eangacha gáis cliste, hidrigin, leictrealóirí ***agus*** dé-ocsaíd charbóin a leagtar amach in Iarscríbhinn II ('catagóirí bonneagair fuinnimh'); | (a) tugtar aghaidh ar shainaithint tionscadal leasa choitinn a bhfuil gá leo chun conairí agus réimsí tosaíochta a chur chun feidhme a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh maidir le leictreachas, eangacha gáis cliste, hidrigin, leictrealóirí, dé-ocsaíd charbóin ***agus téamh agus fuarú*** a leagtar amach in Iarscríbhinn II ('catagóirí bonneagair fuinnimh'); |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn ‘eangach leictreachais chliste’ gréasán leictreachais ***inar féidir le hoibreoir na heangaí faireachán a dhéanamh go digiteach*** ar ghníomhaíochtaí na n-úsáideoirí atá nasctha leis, ***agus ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun cumarsáid a dhéanamh le hoibreoirí eangaí,*** gineadóirí, tomhaltóirí agus/nó táirgeoirí is tomhaltóirí gaolmhara, d’fhonn leictreachas ***a tharchur ar bhealach inbhuanaithe costéifeachtach slán***; | (8) ciallaíonn ‘eangach leictreachais chliste’ gréasán leictreachais ***ina bhfuil a chomhpháirteanna riachtanacha lena ndéantar iompar agus*** gníomhaíochtaí ***na n-úsáideoirí uile atá nasctha leis a chomhtháthú agus lena lamháiltear d’fhaireachán ar na*** húsáideoirí uile atá nasctha leis agus do chumarsáid leis na húsáideoirí sin, ***lena n-áirítear*** gineadóirí, tomhaltóirí agus/nó táirgeoirí is tomhaltóirí, ***feithiclí leictreacha agus stóráil*** d’fhonn ***inbhuanaitheacht, cáilíocht cumhachta leictrí, agus slándáil an chórais*** leictreachais ***a fheabhsú, agus comhtháthú na gcóras fuinnimh agus comhtháthú leictreachais arna tháirgeadh ó fhuinneamh inathnuaite athraitheach a chumasú***; |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ciallaíonn **‘**eangach gháis chliste’ gréasán gáis a bhaineann úsáid as réitigh dhigiteacha nuálacha chun ***iolrachas*** foinsí gáis ***ísealcharbóin*** inbhuanaithe a chomhtháthú ar bhealach costéifeachtach ***i gcomhréir le riachtanais tomhaltóirí agus ceanglais cháilíochta gáis*** chun ***lorg carbóin an ídithe gáis ghaolmhair a laghdú, sciar méadaithe de gháis in-athnuaite ísealcharbóin a éascú,*** agus naisc le hiompróirí agus le hearnálacha eile fuinnimh a chruthú; | (9) ciallaíonn ‘eangach gháis chliste’ gréasáin ***dáileacháin*** gáis ina mbaintear úsáid as réitigh dhigiteacha nuálacha chun foinsí gáis inathnuaite ***agus hidrigin*** a chomhtháthú ar bhealach costéifeachtach, chun ***dícharbanó iomlán a bhaint amach***, agus naisc le hiompróirí agus le hearnálacha eile fuinnimh a chruthú; |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) ciallaíonn 'gréasán téimh agus fuaraithe' gréasán téimh ar theocht íseal den cheathrú nó den chúigiú glúin atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus gréasán fuaraithe atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, a úsáideann teas agus fuacht atá bunaithe ar fhuinnimh inathnuaite nó farasbarr dosheachanta téimh agus fuaraithe, mar aon le trealamh gaolmhar tiontaithe nó stórála;*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) ciallaíonn 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];*** <br><br> ***[1a] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328,*** |

| | |
|---|---|
| | ***21.12.2018, lch. 1).*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) beidh formheas ó na stáit a bhfuil baint ag an tionscadal lena gcríoch ***ag teastáil ó gach togra aonair le haghaidh tionscadal leasa choitinn; i gcás nach ndéanann stát togra a fhormheas, cuirfidh sé a chuid cúiseanna réasúnaithe leis sin i láthair don Ghrúpa lena mbaineann;*** | (a) ***léireoidh*** gach togra aonair le haghaidh tionscadal leasa choitinn an méid seo a leanas: |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i) an chaoi ar comhtháthaíodh gnéithe comhshaoil i ndearadh an tionscadail;*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii) na critéir inbhuanaitheachta a bheith á gcomhlíonadh ag an tionscadal mar a leagtar amach in Airteagal 4 agus in Iarscríbhinn IV;*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a – pointe iii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii) cur i bhfeidhm 'bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh';*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) beidh formheas ó na stáit a bhfuil baint ag an tionscadal lena gcríoch ag teastáil uaidh; i gcás ina gcinneann stát gan a fhormheas a thabhairt, cuirfidh sé a chuid cúiseanna réasúnaithe leis sin i láthair don Ghrúpa lena mbaineann;*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) áiritheoidh sé comhsheasmhacht le tuairim na Gníomhaireachta;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) cuirfidh sé tuarascáil ar fáil don phobal, ina mbeidh, ar a laghad, tuairiscí ar gach tionscadal, miontuairiscí na gcruinnuithe réigiúnacha le liostaí rannpháirtithe, an mhodheolaíocht réigiúnach arna glacadh ag Grúpa agus an rangú réigiúnach; beidh réasúnú mionsonraithe sa tuarascáil sin lena léireofar conas a rannchuideodh na tionscadail roghnaithe sa liosta réigiúnach le spriocanna aeráide agus*** |

***fuinnimh an Aontais do 2030 agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 lena leasófar ***iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo*** chun liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn a bhunú ('liosta Aontais'), faoi réir an dara mír d'Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. | ***Tugtar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán seo***, i ndlúth-idirphlé le Parlaimint na hEorpa,*** chun an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn ('liosta Aontais') a bhunú ***in aghaidh na catagóire mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo***, faoi réir an dara mír d'Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhleanúnachas ***trasréigiúnach*** a áirithiú***, agus an tuairim*** ón nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht') dá dtagraítear i bpointe (12) de Roinn 2 d'Iarscríbhinn III á cur san áireamh; | (b) comhleanúnachas a áirithiú ***leis*** an tuairim ón nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Ghníomhaireacht') dá dtagraítear i bpointe (12) de Roinn 2 d'Iarscríbhinn III***, atá dírithe ar chomhleanúnachas trasréigiúnach a áirithiú***; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 5 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) aird chuí a thabhairt ar thuairim ESABCC maidir le hailíniú liosta an Aontais de thionscadail leasa choitinn le cuspóirí aeráide an Aontais, agus a*** |

***áirithiú go rannchuideoidh na tionscadail leasa choitinn, a mhéid is féidir, leis na cuspóirí sin.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh tionscadail leasa choitinn a áirítear ar an liosta Aontais de bhun mhír 4 den Airteagal seo ***faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí (1)(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II*** ina gcuid lárnach de na pleananna infheistíochta réigiúnaí ábhartha faoi Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/943 agus ***Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 agus*** ina gcuid lárnach de na pleananna náisiúnta ábhartha deich mbliana maidir le forbairt gréasáin faoi Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944 ***agus Airteagal 22 de Threoir 2009/73/CE*** agus na pleananna bonneagair náisiúnta eile lena mbaineann, de réir mar is iomchuí. Tabharfar an tosaíocht is airde is féidir do na tionscadail sin laistigh de gach ceann de na pleananna sin. ***Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le tionscadail chomhleasa.*** | 6. Beidh tionscadail leasa choitinn agus leasa ***fhrithpháirtigh*** a áirítear ar liosta an Aontais de bhun mhír 4 den Airteagal seo ina gcuid lárnach de na pleananna infheistíochta réigiúnaí ábhartha de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/943 agus ina gcuid lárnach de na pleananna náisiúnta ábhartha 10 mbliana maidir le forbairt gréasáin faoi Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944 agus ina gcuid lárnach de na pleananna bonneagair náisiúnta eile lena mbaineann, de réir mar is iomchuí. Tabharfar an tosaíocht is airde is féidir do na tionscadail sin laistigh de gach ceann de na pleananna sin. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) comhtháthaítear cúrsaí comhshaoil i ndearadh an tionscadail; cuireann an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht agus le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais; tá an tionscadal ag teacht le bunphrionsabal 'na héifeachtúlachta fuinnimh';*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) tá sé lonnaithe i gcríoch aon Ballstáit amháin agus tá tionchar suntasach trasteorann aige mar a leagtar amach i bpointe (1) d'Iarscríbhinn IV. | (ii) tá sé lonnaithe i gcríoch aon Ballstáit amháin agus tá tionchar suntasach trasteorann ***nó inmhacasamhlú*** aige, mar a leagtar amach i bpointe (1) d'Iarscríbhinn IV***; beidh comhroinnt eolais agus aistriú eolais dhá Bhallstát nó dhá réigiún ar a laghad de dhíth le haghaidh 'inmhacasamhlú'***; ***cuirfidh cé chomh hinmhacasamhlaithe agus atá tionscadal leis an dícharbónú, i measc nithe eile, le bunphrionsabal 'na héifeachtúlachta fuinnimh', leis an méadú ar sciar an fhuinnimh inathnuaite, nó le feabhsú ar chomhtháthú earnála.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) maidir leis na tionscadail tarchurtha agus stórála leictreachais a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí 1(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht trí fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú isteach san eangach agus trí ghiniúint in-athnuaite a tharchur chuig mórionaid ídithe agus láithreáin stórála, agus trí cheann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas: | (a) maidir leis na tionscadail tarchurtha***, dáileacháin*** agus stórála leictreachais a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí 1(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht trí fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú isteach san eangach agus trí ghiniúint in-athnuaite a tharchur chuig mórionaid ídithe agus láithreáin stórála, agus trí cheann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas: |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe b – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia)	comhtháthú earnálacha, trí fheabhas a chur ar an idirghníomhaíocht i measc veicteoirí éagsúla fuinnimh nó earnálacha éagsúla fuinnimh, mar shampla trí shineirgíochtaí le hearnálacha cóngaracha a mhéadú, amhail earnáil an iompair;*** |

**Leasú	31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe c – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c)	maidir le tionscadail iompair dé-ocsaíde carbóin a thagann faoi na catagóirí bonneagair ***fuinnimh*** a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le gach ceann de na critéir shonracha seo a leanas: | (c)	maidir le tionscadail iompair dé-ocsaíde carbóin a thagann faoi na catagóirí bonneagair a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le gach ceann de na critéir shonracha seo a leanas: |

**Leasú	32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i)	astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ***a sheachaint agus cinnteacht an tsoláthair fuinnimh á coinneáil ar bun ag an am céanna***; | (i)	astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ***a bhaint go buan***; |

Leasú	33

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii)	seasmhacht agus slándáil iompar dé-ocsaíde carbóin a mhéadú***;*** | (ii)	seasmhacht***, éifeachtúlacht*** agus slándáil iompar dé-ocsaíde carbóin a mhéadú; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe c – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) acmhainní a úsáid go héifeachtúil, trí nascadh iliomad foinsí agus láithreán stórála dé-ocsaíde carbóin a éascú trí bhonneagar coiteann agus trí ualach agus rioscaí comhshaoil a íoslaghdú. | (iii) acmhainní a úsáid go héifeachtúil, trí nascadh iliomad foinsí ***tionsclaíocha*** agus láithreán stórála ***tionsclaíoch*** dé-ocsaíde carbóin a éascú trí bhonneagar coiteann agus trí ualach agus rioscaí comhshaoil a íoslaghdú. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe f – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) maidir le tionscadail eangaí gáis cliste a thagann faoin gcatagóir bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe (2) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht trí chomhtháthú gáis in-athnuaite ***ísealcharbóin***, ***cosúil le bithmheatán nó*** hidrigin ***inathnuaite, a éascú sna gréasáin dáilte agus tarchurtha gáis chun*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ***a laghdú***. Thairis sin, rannchuideoidh an tionscadal go mór le ceann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas: | (f) maidir le tionscadail eangaí gáis cliste a thagann faoin gcatagóir bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe (2) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht trí chomhtháthú gáis inathnuaite, ***i gcomhréir leis na sainmhínithe agus leis na critéir maidir leis an inbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí ceaptha teasa a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001, nó*** hidrigin ***arna táirgeadh ó shaoráidí leictrealaitheora a chomhlíonann na ceanglais saolré maidir le laghdú ar*** astaíochtaí gás ceaptha teasa ***a leagtar amach i bpointe (4) d'Iarscríbhinn II, sna gréasáin dáileacháin d'fhonn dícharbónú iomlán a bhaint amach.***. Thairis sin, rannchuideoidh an tionscadal go mór le ceann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas: |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe f – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cinnteacht an ghréasáin agus cáilíocht an tsoláthair trí éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht ***tharchur agus*** dháileadh an gháis a fheabhsú le linn oibriú an ghréasáin ó lá go lá trí aghaidh a thabhairt***, i measc nithe eile,*** ar dhúshláin a eascraíonn as gáis de cháilíochtaí éagsúla a instealladh trí theicneolaíochtaí nuálacha agus an chibearshlándáil a chur in úsáid; | (i) cinnteacht an ghréasáin agus cáilíocht an tsoláthair trí éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht dháileadh an gháis a fheabhsú le linn oibriú an ghréasáin ó lá go lá trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a eascraíonn as gáis ***inathnuaite*** de cháilíochtaí éagsúla a instealladh trí theicneolaíochtaí nuálacha agus an chibearshlándáil a chur in úsáid; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe f – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) cinnteacht an ghréasáin agus cáilíocht an tsoláthair trí éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht dháileadh an gháis a fheabhsú le linn oibriú an ghréasáin ó lá go lá trí aghaidh a thabhairt, i measc nithe eile, ar na dúshláin a eascraíonn as teochtaí éagsúla teasa agus fuachta a instealladh trí theicneolaíochtaí nuálacha a chur in úsáid;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe f – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ib) feidhmiú an mhargaidh agus seirbhísí le haghaidh custaiméirí;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe f – pointe iii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) comhtháthú earnáil an fhuinnimh chliste a éascú trí naisc a chruthú le hiompróirí agus le hearnálacha eile fuinnimh agus trí fhreagairt ar an éileamh a chur ar bun;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) maidir le tionscadail téimh agus fuaraithe a thagann faoin gcatagóir bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe (5a) d'Iarscríbhinn II, rannchuideoidh an tionscadal go mór le hinbhuanaitheacht trí chomhtháthú acmhainní farasbairr dosheachanta agus inathnuaite téimh/fuaraithe sna gréasáin dáileacháin a chumasú agus a éascú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Thairis sin, rannchuideoidh an tionscadal go mór le ceann amháin ar a laghad de na critéir shonracha seo a leanas:*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Maidir le tionscadail a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí (1) go ***(4)*** d'Iarscríbhinn II, déanfar an méid a rannchuidíonn siad leis na critéir a liostaítear i mír 3 den Airteagal seo a mheasúnú i gcomhréir leis na táscairí a leagtar amach i bpointí (3) go (7) d'Iarscríbhinn IV. ***(7)*** of Annex IV. | 4. Maidir le tionscadail a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointí (1) go ***(5a)*** d'Iarscríbhinn II, déanfar an méid a rannchuidíonn siad leis na critéir a liostaítear i mír 3 den Airteagal seo a mheasúnú i gcomhréir leis na táscairí a leagtar amach i bpointí (3) go ***(7a)*** d'Iarscríbhinn IV. |

Leasú 42

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'fhonn measúnú ar gach tionscadal a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar thionscadail leasa choitinn agus a d'fhéadfaí a chur san áireamh ar liosta réigiúnach a éascú, déanfaidh gach Grúpa measúnú ar an méid a rannchuidíonn gach tionscadal le cur chun feidhme na conaire nó an réimse tosaíochta chéanna ar bhealach trédhearcach oibiachtúil. Déanfaidh gach Grúpa a mhodh measúnaithe a chinneadh ar bhonn an mhéid chomhiomlánaithe a rannchuidíonn sé leis na critéir dá dtagraítear i mír 3. Mar thoradh ar an measúnú sin déanfar tionscadail a rangú ***lena n-úsáid go hinmheánach ag an nGrúpa.*** Ní bheidh ***aon rangú sa liosta réigiúnach ná sa liosta Aontais ná ní úsáidfear an rangú chun aon chríche dá éis seachas mar a thuairiscítear i bpointe (14) de Roinn 2 d'Iarscríbhinn III***. | D'fhonn measúnú ar gach tionscadal a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar thionscadail leasa choitinn agus a d'fhéadfaí a chur san áireamh ar liosta réigiúnach a éascú, déanfaidh gach Grúpa measúnú ar an méid a rannchuidíonn gach tionscadal le cur chun feidhme na conaire nó an réimse tosaíochta chéanna ar bhealach trédhearcach oibiachtúil. Déanfaidh gach Grúpa a mhodh measúnaithe a chinneadh ar bhonn an mhéid chomhiomlánaithe a rannchuidíonn sé leis na critéir dá dtagraítear i mír 3. Mar thoradh ar an measúnú sin déanfar tionscadail a rangú ***a*** bheidh ***foilsithe***. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) cur i bhfeidhm bhunphrionsabal 'na héifeachtúlachta fuinnimh';*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 2 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) treoirlínte comhchoiteanna maidir le conas spriocanna aeráide an Aontais a áireamh, arna mionsaothrú ag ESABCC;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) staidéir féidearthachta agus dheartha, lena n-áirítear staidéir maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil agus an ***phrionsabail*** 'ná déan dochar suntasach'; | (a) staidéir féidearthachta agus dheartha***,*** lena n-áirítear staidéir maidir leis an méid seo a leanas***: maolú ar an athrú*** aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide***, comhtháthú cúrsaí comhshaoil,*** agus comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil***,*** agus ***na bprionsabal*** 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus ***'na héifeachtúlachta fuinnimh'***; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tástáil struis ar oiriúnú don athrú aeráide ina n-úsáidtear na treoirlínte dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/.... [An Dlí Aeráide Eorpach];*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Beidh an plean cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go poiblí agus beidh sé go hiomlán trédhearcach maidir leis an dáta coimisiúnaithe a bhfuiltear ag súil leis, stádas an tionscadail agus dul chun cinn an tionscadail i gcomparáid leis an bplean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin a bhí ann roimhe seo agus, i gcás inarb infheidhme, an liosta de thionscadail leasa choitinn a bhí ag an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Aontas roimhe seo, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna a bhí leis an moill nó leis an athsceidealú.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Comhoibreoidh ***OCTanna,*** oibreoirí córais dáileacháin ***agus oibreoirí eile*** le chéile chun forbairt tionscadal leasa choitinn atá ina limistéar féin a éascú. | 2. Comhoibreoidh oibreoirí córas ***tarchurtha agus*** dáileacháin***, páirtithe leasmhara lárnacha, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta*** le chéile chun forbairt tionscadal leasa choitinn atá ina limistéar féin a éascú. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Nollaig gach bliain tar éis na bliana a dhéantar tionscadal leasa choitinn a áireamh ar an liosta Aontais de bhun Airteagal 3, cuirfidh tionscnóirí tionscadail tuarascáil bhliantúil, maidir le gach tionscadal a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1) go ***(4)*** d'Iarscríbhinn II, faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 8. | Faoin 31 Nollaig gach bliain tar éis na bliana a dhéantar tionscadal leasa choitinn a áireamh ar an liosta Aontais de bhun Airteagal 3, cuirfidh tionscnóirí tionscadail tuarascáil bhliantúil, maidir le gach tionscadal a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointí (1) go ***(5a)*** d'Iarscríbhinn II, faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 8. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an dul chun cinn a rinneadh i bhforbairt, tógáil agus coimisiúnú an tionscadail, go háirithe maidir le deonú ceadanna agus nósanna imeachta comhairliúcháin chomh maith le ***comhlíonadh na*** reachtaíochta comhshaoil, | (a) an dul chun cinn a rinneadh i bhforbairt, ***cruthú nó*** tógáil agus coimisiúnú an tionscadail, go háirithe ***comhlíonadh reachtaíochta comhshaoil,*** lena n-áirítear maidir le deonú ceadanna agus nósanna imeachta comhairliúcháin***,*** |

| | |
|---|---|
| ar cuid den ***reachtaíocht*** sin an prionsabal nach ndéanfaidh an tionscadal dochar suntasach don chomhshaol, agus bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a rinneadh; | chomh maith le ***comhtháthú cúrsaí*** comhshaoil ***i ndearadh an tionscadail***, ***comhlíonadh*** an phrionsabail nach ndéanfaidh an tionscadal dochar suntasach don chomhshaol agus na bearta um ***maolú*** ar an athrú aeráide agus na bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a rinneadh; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúnamh a thabhairt do gach páirtí, de réir mar is gá, dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí lena mbaineann agus na ceadanna is gá a fháil do na tionscadail; | (b) cúnamh a thabhairt do gach páirtí, de réir mar is gá, dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí lena mbaineann***, ródú malartach nó tionscadail mhalartacha a mholadh agus a phlé*** agus***, i gcás inarb iomchuí,*** na ceadanna is gá a fháil do ***shuíomh agus ródú is iomchuí na*** dtionscadal ***ó thaobh an chomhshaoil, go háirithe ó thaobh na bithéagsúlachta de***; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Roghnófar an comhordaitheoir Eorpach ar bhonn na taithí ***atá aige nó aici*** maidir leis na cúraimí sonracha a shannfar ***dó nó dí*** i dtaca leis na tionscadail lena mbaineann. | 3. Roghnófar an comhordaitheoir Eorpach ***ag leanúint próiseas oscailte agus trédhearcach*** ar bhonn ***na*** taithí maidir leis na cúraimí sonracha a shannfar ***don chomhordaitheoir Eorpach*** i dtaca leis na tionscadail lena mbaineann. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tríd an liosta Aontais a ghlacadh, suífear, chun críocha aon chinntí arna n-eisiúint sa phróiseas deonaithe ceadanna, an gá atá leis na tionscadail sin ó thaobh beartas fuinnimh de, gan dochar do shuíomh beacht, do ródú ná do theicneolaíocht an tionscadail. | 1. Tríd an liosta Aontais a ghlacadh, suífear, chun críocha aon chinntí arna n-eisiúint sa phróiseas deonaithe ceadanna, an gá atá leis na tionscadail sin ó thaobh beartas fuinnimh ***agus aeráide*** de, gan dochar do shuíomh beacht, do ródú nó do theicneolaíocht an tionscadail. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Anailís uile-chórais chostais is tairbhe ar fhuinneamh | Anailís uile-chórais chostais is tairbhe ***agus comhoiriúnachta aeráide*** ar fhuinneamh |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin [16 Samhain 2022], foilseoidh Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha ***(ENTSO)*** le haghaidh Leictreachais agus ***an ENTSO*** le haghaidh Gáis ***a modheolaíochtaí féin agus*** cuirfidh siad faoi bhráid na mBallstát, an Choimisiúin ***agus na Gníomhaireachta*** iad, lena n-áireofar an samhaltú gréasáin agus margaidh, i gcomhair anailís chomhchuibhithe chostais is tairbhe ar fhuinneamh ar leibhéal an Aontais maidir le tionscadail leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i ***bpointí (1)(a), (b), (c) agus (e) agus pointe (3) d'***Iarscríbhinn II. | Faoin [16 Samhain 2022], foilseoidh an ***Ghníomhaireacht, bunaithe inter alia ar shonraí ó*** Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais agus Gáis ***(ENTSOnna), na toimhdí uile maidir le costais, sochair, tionchair aeráide agus eacnamaíocha agus spleáchas ar allmhairí; cuirfidh sé*** faoi bhráid na mBallstát, an Choimisiúin agus ***Pharlaimint na hEorpa modheolaíocht chomhtháite agus chomhsheasmhach***, lena n-áirítear an samhaltú gréasáin agus margaidh, d'anailís chomhchuibhithe***,*** uile-chórais ***agus saolré*** chostais is tairbhe ***agus comhoiriúnachta aeráide, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht le sprioc fhadtéarmach na teochta domhanda a leagtar amach in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras, agus eolaíocht atá cothrom le dáta á cur san áireamh, go*** |

| | |
|---|---|
| | ***háirithe tuarascáil speisialta IPCC maidir le téamh domhanda 1.5 °C,*** ar leibhéal an Aontais maidir le tionscadail leasa choitinn ***agus fhrithpháirtigh*** a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn II. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear ***na modheolaíochtaí sin*** i bhfeidhm chun gach ***plean*** deich mbliana uile-Aontais maidir le forbairt gréasáin ina dhiaidh sin a ullmhú arna fhorbairt ag an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais nó an ENTSO le haghaidh Gáis de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 agus Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2019/943.*** Tarraingeofar suas ***na modheolaíochtaí sin*** i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Iarscríbhinn V agus beidh siad comhsheasmhach leis na rialacha agus leis na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. | Cuirfear ***an mhodheolaíocht*** i bhfeidhm le haghaidh ullmhú gach ***plean*** forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais ina dhiaidh sin arna fhorbairt ag an ***nGníomhaireacht.*** Tarraingeofar suas ***an mhodheolaíocht*** i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos in Iarscríbhinn V agus beidh sí comhsheasmhach leis na rialacha agus leis na táscairí atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV. ***Cuirfidh an Ghníomhaireacht an anailís chostais is tairbhe ar fáil don phobal agus déanfaidh sí í i gcomhréir le hIarscríbhinn V.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula gcuirfidh siad ***a gcuid modheolaíochtaí féin*** isteach, d***éanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** próiseas forleathan comhairliúcháin lena mbeidh baint ar a laghad ag na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, lena n-áirítear an t-eintiteas Eorpach d'oibreoirí córas dáileacháin ('an t-eintiteas AE do OCDanna'), gach páirtí leasmhar ábhartha hidrigine agus***, i gcás ina meastar é a*** | Sula gcuirfidh sí a***n mhodheolaíocht*** isteach, déanfaidh ***an Ghníomhaireacht*** próiseas forleathan comhairliúcháin lena mbeidh baint ar a laghad ag ***ESABCC***, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, lena n-áirítear ***na ENTSOnna,*** an t-eintiteas Eorpach d'oibreoirí córas dáileacháin ('eintiteas AE do OCDanna'), gach geallsealbhóir ábhartha maidir le ***soláthar leictreachais agus gáis, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil fuinnimh, solúbthacht*** |

| | |
|---|---|
| ***bheith iomchuí,*** na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile. | ***fuinnimh***, hidrigin***, téamh agus fuarú, an tsochaí shibhialta,*** agus na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Laistigh de thrí mhí tar éis na ***modheolaíochtaí*** a fháil in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, tabharfaidh ***an Ghníomhaireacht*** tuairim don ***ENTSO le haghaidh Leictreachais, don ENTSO le haghaidh Gáis, do na Ballstáit, agus*** don Choimisiún, ***agus foilseoidh sí í ar*** shuíomh gréasáin ***na Gníomhaireachta***. | 2. Laistigh de thrí mhí tar éis an ***mhodheolaíocht*** a fháil in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, cuirfidh an ***Coimisiún*** a tuairim faoi bhráid na ***Gníomhaireachta; Féadfaidh ESABCC tuairim a chur ar fáil freisin; Foilseofar an dá thuairim ar*** shuíomh gréasáin an Choimisiúin. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Tabharfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis na modheolaíochtaí cothrom le dáta agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ón nGníomhaireacht***, dá dtagraítear i mír 2, agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin ***iad*** chun a thuairim a fháil. | 3. ***Más rud é go n-éileofar le tuairimí an Choimisiúin agus, i gcás inarb ábhartha, le tuairimí CECBCC***, dá dtagraítear i mír 2, ***go ndéanfar nuashonrú ar an modheolaíocht, déanfaidh an Ghníomhaireacht an nuashonrú sin*** agus cuirfidh sí ***an mhodheolaíocht nuashonraithe*** faoi bhráid an Choimisiúin chun a ***dhara*** tuairim a fháil. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Laistigh de thrí mhí ón lá a fuarthas na ***modheolaíochtaí*** nuashonraithe, cuirfidh an Coimisiún a thuairim faoi bhráid an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis***. | 4. Laistigh de thrí mhí ón lá a fuarthas an ***mhodheolaíocht*** nuashonraithe, cuirfidh an Coimisiún a thuairim faoi bhráid na ***Gníomhaireachta***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tráth nach déanaí ná trí mhí ón lá a fuarthas tuairim ón gCoimisiún, dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a modheolaíochtaí féin*** a oiriúnú ***agus aird chuí á tabhairt acu ar*** an tuairim ón gCoimisiún, agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin ***iad*** lena bhformheas. | 5. Tráth nach déanaí ná trí mhí ón lá a fuarthas an tuairim ón gCoimisiún, dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an ***Ghníomhaireacht an mhodheolaíocht*** a oiriúnú ***i gcomhréir leis*** an tuairim ón gCoimisiún, agus cuirfidh sí faoi bhráid an Choimisiúin í lena bhformheas ***agus*** faoi bhráid ***Pharlaimint na hEorpa mar eolas***. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina meastar na hathruithe ar na ***modheolaíochtaí*** a bheith de chineál incriminteach, gan difear a dhéanamh do shainmhíniú na sochar, na gcostas ná na bparaiméadar costais is tairbhe ábhartha eile, de réir mar a shainítear sa mhodheolaíocht is déanaí maidir le hanailís uile-chórais chostais is tairbhe ar fhuinneamh arna fhormheas ag an gCoimisiún, déanfaidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a modheolaíochtaí féin*** a oiriúnú agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ón nGníomhaireacht, a leagtar | 6. I gcás ina meastar na hathruithe ar an ***modheolaíocht*** a bheith de chineál incriminteach, gan difear a dhéanamh do shainmhíniú na sochar, na gcostas ná na bparaiméadar costais is tairbhe ábhartha eile, de réir mar a shainítear sa mhodheolaíocht is déanaí maidir le hanailís uile-chórais chostais is tairbhe ***agus comhoiriúnachta aeráide*** ar fhuinneamh arna formheas ag an gCoimisiún, déanfaidh an ***Ghníomhaireacht a modheolaíocht*** a oiriúnú agus aird chuí á tabhairt acu ar an tuairim ***ón gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, ar na tuairimí ó ESABCC***, |

| | |
|---|---|
| amach i mír 2, agus cuirfidh siad ***iad*** faoi bhráid na ***Gníomhaireachta*** lena bhformheas. | amhail a leagtar amach i mír 2, agus cuirfidh siad faoi bhráid an ***Choimisiúin í*** lena bhformheas. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***7. I gcomhthráth, cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis doiciméad faoi bhráid an Choimisiúin ina dtabharfar údar maith leis na cúiseanna taobh thiar de na nuashonruithe atá beartaithe agus cad chuige a meastar na nuashonruithe sin a bheith de chineál incriminteach. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil na nuashonruithe sin de chineál incriminteach, iarrfaidh sé i scríbhinn ar an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis na modheolaíochtaí a chur faoina bhráid. Sa chás sin tá feidhm ag an bpróiseas a thuairiscítear i míreanna 2 go 5.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Laistigh de dhá sheachtain tar éis an fhormheasa ón ***nGníomhaireacht nó ón*** gCoimisiún i gcomhréir le ***míreanna 5 agus 6, foilseoidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a gcuid modheolaíochtaí féin ar a suíomh gréasáin.*** I bhfoirm atá cruinn go leor i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le comhaontuithe ábhartha rúndachta, foilseoidh ***siad*** na sonraí ionchuir comhfhreagracha agus sonraí ábhartha eile maidir leis an ngréasán, lód | 8. Laistigh de dhá sheachtain tar éis an fhormheasa ón gCoimisiún, i gcomhréir le ***mír 5,*** foilseoidh an Ghníomhaireacht ***a modheolaíocht féin ar a suíomh gréasáin.*** I bhfoirm atá cruinn go leor ***le go bhféadfadh tríú páirtí na torthaí a atáirgeadh*** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le comhaontuithe ábhartha rúndachta, foilseoidh ***sé*** na sonraí ionchuir comhfhreagracha agus sonraí ábhartha eile maidir leis an ngréasán, lód na sreibhe agus an margadh. |

na sreibhe agus an margadh.

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Déanfar na ***modheolaíochtaí*** a nuashonrú agus a fheabhsú go rialta de réir an nós imeachta a thuairiscítear i míreanna 1 go 6. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó údaráis rialála náisiúnta nó ó gheallsealbhóirí, agus tar éis di dul i gcomhairle go foirmiúil leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar gach geallsealbhóir agus leis an gCoimisiún, féadfaidh sí nuashonruithe agus feabhsúcháin den sórt sin ***a iarraidh*** má tá údar agus scálaí ama cuí leo. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na hiarrataí arna ndéanamh ag údaráis rialála náisiúnta nó ag geallsealbhóirí agus na doiciméid go léir nach bhfuil íogair ó thaobh na tráchtála de as a dtiocfaidh ***iarraidh ón nGníomhaireacht ar*** nuashonrú nó feabhsúchán. | 9. Déanfar an ***mhodheolaíocht*** a nuashonrú agus a fheabhsú go rialta de réir an nós imeachta a thuairiscítear i míreanna 1 go 6. Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó údaráis rialála náisiúnta nó ó pháirtithe leasmhara, agus tar éis di dul i gcomhairle go foirmiúil leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar gach páirtí leasmhar agus leis an gCoimisiún, féadfaidh sí nuashonruithe agus feabhsúcháin den sórt sin a ***dhéanamh*** má tá údar agus scálaí ama cuí leo. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na hiarrataí arna ndéanamh ag údaráis rialála náisiúnta nó ag geallsealbhóirí agus na doiciméid go léir nach bhfuil íogair ó thaobh na tráchtála de as a dtiocfaidh ***cinneadh*** nuashonrú nó feabhsúchán a ***dhéanamh***. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Gach ***trí*** bliana, bunóidh an Ghníomhaireacht tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí iad chun costais infheistíochta aonaid a chur i gcomparáid le haghaidh thionscadail inchomparáide na gcatagóirí bonneagair a áirítear i bpointí ***(1) agus (3)*** d'Iarscríbhinn II. Féadfaidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** na luachanna tagartha sin | 10. Gach ***dhá*** bhliain, bunóidh an Ghníomhaireacht tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí iad chun costais infheistíochta aonaid a chur i gcomparáid le haghaidh thionscadail inchomparáide na gcatagóirí bonneagair a áirítear in Iarscríbhinn II ***agus le haghaidh bainistiú ar thaobh an éileamh agus bearta solúbthachta atá deonach agus bunaithe ar an margadh***. Féadfaidh an |

| | |
|---|---|
| a úsáid le haghaidh na n-anailísí costais is tairbhe arna ndéanamh le haghaidh pleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ina dhiaidh sin. Foilseofar an chéad cheann de na táscairí sin faoin [1 Samhain 2022]. | ***Ghníomhaireacht*** na luachanna tagartha sin a úsáid le haghaidh na hanailíse ***saolré*** costais is tairbhe arna déanamh le haghaidh gach plean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ina dhiaidh sin. Foilseofar an chéad cheann de na táscairí sin faoin [1 Samhain 2022]. ***Déanfaidh úinéirí bonneagair, oibreoirí córais agus tionscnóirí tríú páirtí na sonraí ábhartha a sholáthar do na húdaráis rialála náisiúnta agus don Ghníomhaireacht.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***11. Faoin [31 Nollaig 2023], cuirfidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis samhail chomhsheasmhach idircheangailte de ghréasán agus de mhargadh fuinnimh faoi bhráid an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta, samhail lena n-áireofar bonneagar tarchurtha leictreachais, gáis agus hidrigine, chomh maith le stóráil, GNL agus leictrealóirí, lena gcumhdófar na conairí agus na réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh agus a leagtar amach i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Iarscríbhinn V.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Leis an tsamhail chomhsheasmhach ***idircheangailte*** dá dtagraítear i mír ***11 cumhdófar, ar a laghad, na hidirnaisc idir na hearnálacha sonracha ag gach céim den phleanáil bonneagair, cásanna go sonrach, sainaithint bearnaí sa*** | 12. Is éard a bheidh sa ***samhaltú comhtháite agus*** comhsheasmhach dá dtagraítear i mír ***1***: |

***bhonneagar go háirithe maidir le hacmhainní trasteorann, agus measúnú tionscadal.***

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 12 – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i) uirlis ionsamhlúcháin TF foinse oscailte lena gcumhdófar na hidirnaisc i measc líonraí leictreachais, hidrigine, téimh agus fuaraithe agus gáis agus margaí a bheidh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar gach tionscadal leasa choitinn a thíolacfar agus chun bearnaí bonneagair a shainaithint;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 12 – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii) doiciméad ina soláthrófar tuairisc iomlán agus thrédhearcach ar an samhaltú, lena n-áirítear gach cothromóid, tuairisc ar na sonraí ionchuir agus ar na ríomhanna a rinneadh.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 13. Tar éis don Choimisiún an ***tsamhail*** chomhsheasmhach ***idirnasctha*** dá dtagraítear i mír ***11*** a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 6, áireofar í sna ***modheolaíochtaí*** dá dtagraítear i mír 1. | 13. Tar éis don Choimisiún an ***samhaltú comhtháite agus*** comhsheasmhach dá dtagraítear i mír ***1*** a fhormheas***,*** i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 6, áireofar í sa ***mhodheolaíocht*** dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***Cásanna fadtéarmacha*** |
| | ***1. Tar éis di próiseas forleathan comhairliúchán a dhéanamh lena mbeidh baint ag an gCoimisiún agus ar a laghad ag na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí ábhartha ar fad, forbróidh an Ghníomhaireacht cásanna fadtéarmacha i gcomhréir le sprioc an Aontais maidir leis an aeráidneodracht don tréimhse pleanála go dtí 2050.*** |
| | ***2. Sna cásanna fadtéarmacha, tógfar spriocanna athbhreithnithe aeráide agus comhshaoil an Aontais le haghaidh 2030 mar thúsphointe agus leagfar amach an chonair do na cásanna bonneagair is gá chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí i gcomhréir leis an sprioc fhadtéarmach maidir le teocht dhomhanda a leagtar amach in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras, agus eolaíocht atá cothrom le dáta, go háirithe an tuarascáil speisialta ó IPCC ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir leis an téamh domhanda 1.5 °C, agus na cásanna is déanaí ón gCoimisiún atá ar fáil, á gcur san áireamh. Beidh siad bunaithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainneacht fuinnimh inathnuaite na mBallstát, agus déanfar iad a idirnascadh leis na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá acu, mar aon leis an bpleanáil eangaí amach ón gcósta i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán seo.*** |
| | ***3. Socrófar leis na cásanna garspriocanna ceangailteacha le haghaidh forbairt gréasáin agus céimeanna idirmheánacha a bheidh le*** |

| | |
|---|---|
| | ***baint amach gach cúig bliana i dtimthriall a bheidh ailínithe le sásra céim-ardaithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC).*** |
| | ***4. Déanfaidh na cásanna fadtéarmacha a dhréachtú agus a nuashonrú i gcomhleanúnachas leis na Pleananna Forbartha Gréasáin deich mBliana uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12. Foilseofar iad leis na sonraí ionchuir agus aischuir comhfhreagracha i bhfoirm atá cruinn go leor, a bheidh trédhearcach, agus aird chuí á tabhairt acu ar na ceanglais dlíthiúla is infheidhme, lena n-áirítear ar an rúndacht.*** |
| | ***5. Seolfar na dréacht-chásanna chuig ESABCC, a fhéadfaidh tuairim a thabhairt maidir lena gcomhsheasmhacht le cuspóirí aeráide an Aontais.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin [31 Iúil 2022], tar éis di próiseas forleathan comhairliúcháin a dhéanamh lena mbeidh baint ag an gCoimisiún agus ar a laghad ag na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí ábhartha ar fad, lena n-áirítear an ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ENTSO le haghaidh Gáis, eintiteas an Aontais do OCDanna, ***agus*** na geallsealbhóirí ***ábhartha*** san ***earnáil*** hidrigine, foilseoidh an Ghníomhaireacht na creat-treoirlínte le haghaidh ***na*** gcásanna ***comhpháirteacha a bheidh le forbairt ag an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis***. Déanfar na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta de réir mar is gá. | Faoin [31 Iúil 2022], déanfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis dul i mbun próiseas forleathan comhairliúcháin lena mbeidh baint ag an gCoimisiún agus ar a laghad ag na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí ábhartha ar fad, lena n-áirítear an ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ENTSO le haghaidh Gáis, eintiteas an Aontais do OCDanna, ***geallsealbhóirí maidir le soláthar leictreachais agus gáis, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil fuinnimh, solúbthacht fuinnimh,*** hidrigin***, téamh agus fuarú agus an tsochaí shibhialta,*** na creat-treoirlínte ***dá cuid*** cásanna ***comhtháite*** a fhoilsiú. Déanfar na treoirlínte sin a nuashonrú go tráthrialta de réir mar a mheasfar is gá. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Áireofar*** sna treoirlínte ***bunphrionsabal na*** héifeachtúlachta fuinnimh agus áiritheofar leo go mbeidh cásanna ***is bun leis an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** go hiomlán i gcomhréir leis na spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha ***dícharbónaithe Eorpacha*** is déanaí ***agus*** leis na cásanna is déanaí de chuid an Choimisiúin. | Déanfar sna treoirlínte ***'bunphrionsabal*** na héifeachtúlachta fuinnimh***' a oibríochtú*** agus áiritheofar leo go mbeidh na cásanna go hiomlán i gcomhréir leis na spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha ***aeráide agus fuinnimh*** is déanaí de chuid an Aontais***,*** go mbeidh na cásanna is déanaí de chuid an Choimisiúin atá ar fáil ***i gcomhréir le cuspóir an Aontais neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, chomh maith le cás as a dtiocfadh córas fuinnimh 100 % in-athnuaite agus a bheidh i gcomhréir le Comhaontú Pháras***. ***Déanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ENTSO le haghaidh Gáis agus geallsealbhóirí eile na sonraí go léir is gá a chur ar fáil don Ghníomhaireacht chun cásanna comhtháite a chur ar fáil.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Leanfaidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis creat-treoirlínte na Gníomhaireachta agus na cásanna comhpháirteacha á bhforbairt acu atá le húsáid le haghaidh na bpleananna uile-Aontais deich mbliana le haghaidh forbairt gréasáin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Iarrfaidh*** an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis ***ar na*** heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí ábhartha ***ar fad***, lena n-áirítear ***eintiteas an Aontais do OCDanna agus na*** geallsealbhóirí ***ábhartha*** hidrigine ***ar fad, páirt a ghlacadh sa phróiseas forbartha cásanna***. | 3. Bunóidh an ***Ghníomhaireacht Grúpa Geallsealbhóirí dá comhairliúcháin mar chuid den phróiseas forbartha cásanna, lena n-áirítear an*** ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ENTSO le haghaidh Gáis***, eintiteas an Aontais do OCDanna,*** eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ***na*** geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear geallsealbhóirí maidir le ***soláthar leictreachais agus gáis, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil fuinnimh, solúbthacht fuinnimh,*** hidrigin***, téamh agus fuarú, agus ar an tsochaí shibhialta***. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Foilseoidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** dréacht-tuarascáil maidir le ***cásanna comhpháirteacha*** agus cuirfidh siad faoi bhráid na ***Gníomhaireachta agus an*** Choimisiúin í chun a dtuairim a fháil. | 4. Foilseoidh an ***Ghníomhaireacht*** an dréacht-tuarascáil maidir le ***cás comhtháite*** agus cuirfidh sí bhráid an Choimisiúin agus ***ESABCC*** í chun a dtuairim a fháil. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Laistigh de thrí mhí tar éis an dréacht-tuarascáil maidir le ***cásanna comhpháirteacha*** a fháil in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, cuirfidh an ***Ghníomhaireacht*** a tuairim | 5. Laistigh de thrí mhí tar éis an dréacht-tuarascáil maidir le ***cás comhtháite*** a fháil, in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, cuirfidh an ***Coimisiún*** a thuairim faoi bhráid na ***Gníomhaireachta;*** |

| | |
|---|---|
| faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais, an ***ENTSO le haghaidh Gáis agus an Choimisiúin***. | ***féadfaidh ESABCC tuairim a thíolacadh freisin***. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Agus aird chuí á tabhairt aige ar an tuairim ón nGníomhaireacht a shainítear faoi mhír 5, cuirfidh an Coimisiún a tuairim faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Déanfaidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a dtuarascáil maidir le cásanna comhpháirteacha*** a oiriúnú, agus aird chuí á tabhairt acu ar an ***tuairim ón nGníomhaireacht, i gcomhréir leis an tuairim*** ón gCoimisiún, agus cuirfidh siad an tuarascáil nuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin lena formheas. | 7. Déanfaidh an ***Ghníomhaireacht a tuarascáil maidir le cás comhtháite*** a oiriúnú, agus aird chuí á tabhairt ar an ***tuairim*** ón gCoimisiún***, agus, i gcás inarb ábhartha, ar na tuairimí ó ESABCC,*** agus cuirfidh siad an tuarascáil nuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin lena formheas. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Laistigh de dhá sheachtain tar éis don Choimisiún an tuarascáil maidir le ***cásanna comhpháirteacha*** a fhormheas i gcomhréir le mír 7, foilseoidh ***an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a*** dtuarascáil | 8. Laistigh de dhá sheachtain tar éis don Choimisiún an tuarascáil maidir le ***cás comhtháite*** a fhormheas i gcomhréir le mír 7, foilseoidh an ***Ghníomhaireacht a*** tuarascáil maidir le ***cás comhtháite*** ar ***a suíomh gréasáin.*** Foilseoidh ***sí*** na sonraí |

maidir le ***cásanna comhpháirteacha*** ar a ***suíomhanna gréasáin.*** Foilseoidh ***siad*** na sonraí ionchuir agus aischuir comhfhreagracha i bhfoirm atá cruinn go leor, agus aird chuí á tabhairt acu ar an dlí náisiúnta agus ar chomhaontuithe ábhartha rúndachta.

ionchuir agus aischuir comhfhreagracha i bhfoirm atá cruinn go leor ***le go bhféadfadh tríú páirtí na torthaí a atáirgeadh***, agus aird chuí á tabhairt acu ar an dlí náisiúnta agus ar chomhaontuithe ábhartha rúndachta.

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gach dhá bhliain foilseoidh ***an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** na ***tuarascálacha*** maidir le bearnaí sa bhonneagar arna bhforbairt laistigh de chreat na ***bpleananna*** uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin agus na ***Gníomhaireachta*** iad. | Gach dhá bhliain foilseoidh an ***Ghníomhaireacht*** an ***tuarascáil*** maidir le bearnaí sa bhonneagar arna bhforbairt laistigh de chreat an ***phlean*** uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin agus cuirfidh sí faoi bhráid an Choimisiúin agus ***ESABCC*** í. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus na bearnaí sa bhonneagar á meas acu, cuirfidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh*** chun feidhme ***agus déanfaidh siad*** na réitigh ábhartha uile nach mbaineann le bonneagar ***a mheas, agus tosaíocht á tabhairt acu don mheas sin***, chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a shainaithneofar. | Agus na bearnaí sa bhonneagar á meas aici, ***bunóidh an Ghníomhaireacht a hanailís ar na cásanna arna mbunú faoi Airteagal 11d agus Airteagal 12,*** cuirfidh sí ***'bunphrionsabal*** na héifeachtúlachta fuinnimh***'*** chun feidhme, ***déanfaidh sí measúnú ar*** na réitigh ábhartha uile nach mbaineann le bonneagar***, amhail scéimeanna deonacha maidir le bainistiú ar thaobh an éileamh agus athchóirithe foirgneamh,*** chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh, ***agus molfaidh sí go gcuirfí chun feidhme iad mar thosaíocht nuair a mheasfar iad a bheith níos éifeachtaí agus níos costéifeachtúla ar leibhéal uile-chórais ná bonneagar nua ó thaobh an tsoláthair a thógáil***. ***Sa*** |

***tuarascáil, tabharfar aird ar leith ar na bearnaí bonneagair sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhaint amach spriocanna meántéarma agus fadtéarmach an Aontais. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht trédhearcacht maidir leis na toimhdí i ndáil le héileamh ar fhuinnimh a úsáidtear le haghaidh na mbreoslaí go léir atá ar fáil, ar breoslaí iad atá mar bhonn taca faoin tionscadal agus áiritheoidh sí trédhearcacht maidir leis na réitigh uile nach mbaineann le bonneagar a breathnaíodh chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh agus maidir leis an gcúis nár cuireadh chun feidhme iad.***

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula ndéanfaidh siad ***a dtuarascálacha faoi seach*** a chur isteach, déanfaidh ***an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** próiseas forleathan comhairliúcháin lena mbeidh baint ag na geallsealbhóirí ábhartha ar fad, lena n-áirítear eintiteas an ***Aontais*** do OCDanna, na geallsealbhóirí ábhartha hidrigine ***ar fad*** agus ionadaithe uile na mBallstát, maidir leis an gcuid de na conairí tosaíochta a shainítear in Iarscríbhinn I**.** | Sula ndéanfaidh sí ***a tuarascáil*** a chur isteach, déanfaidh an ***Ghníomhaireacht*** próiseas forleathan comhairliúcháin lena mbeidh baint ag na geallsealbhóirí ábhartha ar fad, lena n-áirítear na ***ENTSOnna,*** eintiteas ***AE*** do OCDanna, geallsealbhóirí ***maidir le soláthar leictreachais agus gáis, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil fuinnimh, solúbthacht fuinnimh,*** hidrigin***, téamh agus fuarú, agus an tsochaí shibhialta,*** agus ionadaithe uile na mBallstát, maidir leis an gcuid de na conairí tosaíochta a shainítear in Iarscríbhinn I**.** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le*** | 2. Cuirfidh an ***Ghníomhaireacht*** a dréacht-tuarascáil maidir le bearnaí sa |

| | |
|---|---|
| ***haghaidh Gáis*** a ndréacht-tuarascáil ***féin*** maidir le bearnaí sa bhonneagar faoi bhráid ***na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin*** chun a dtuairim a fháil. | bhonneagar faoi bhráid ***an Choimisiúin*** agus ***ESABCC*** chun a dtuairim a fháil. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Laistigh de thrí mhí tar éis an tuarascáil maidir le bearnaí sa bhonneagar a fháil in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, cuirfidh an ***Ghníomhaireacht*** a tuairim faoi bhráid an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais nó an ENTSO le haghaidh Gáis agus an Choimisiúin***. | 3. Laistigh de thrí mhí tar éis an tuarascáil maidir le bearnaí sa bhonneagar a fháil, in éineacht leis an ionchur a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil faoin mbealach ar cuireadh san áireamh é, cuirfidh an ***Coimisiún*** a thuairim faoi bhráid na ***Gníomhaireachta; féadfaidh ESABCC tuairim a thíolacadh freisin***. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Agus an tuairim ón nGníomhaireacht dá dtagraítear i mír 3 á meas aige, déanfaidh an Coimisiún a thuairim a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis a dtuarascálacha*** maidir le bearnaí sa bhonneagar a oiriúnú agus aird | 5. Déanfaidh an ***Ghníomhaireacht a tuarascáil*** maidir le bearnaí sa bhonneagar a oiriúnú, agus aird chuí á tabhairt aici ar an ***tuairim*** ón gCoimisiún ***agus, i gcás*** |

| | |
|---|---|
| chuí á tabhairt acu ar an ***tuairim ón nGníomhaireacht agus i gcomhréir leis an tuairim ón*** gCoimisiún ***roimh fhoilsiú na dtuarascálacha críochnaitheacha*** maidir le bearnaí sa bhonneagar. | ***inarb ábhartha, ar na tuairimí ó ESABCC.*** Déanfaidh ***an Coimisiún an tuarascáil*** maidir le bearnaí sa bhonneagar ***a fhormheas sula bhfoilseofar í***. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tráth nach déanaí na 31 Nollaig ***2027***, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme tionscadal leasa choitinn agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Soláthrófar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas: | Tráth nach déanaí na 31 Nollaig ***2026***, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme tionscadal leasa choitinn agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Soláthrófar meastóireacht sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas: |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir le cur leis na spriocanna aeráide agus fuinnimh faoi 2030, agus, go fadtéarmach, maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. | (h) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir le cur leis na spriocanna aeráide agus fuinnimh faoi 2030, agus, go fadtéarmach, maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ***ar a dhéanaí, mar aon leis an sprioc fhadtéarmach maidir le teocht dhomhanda a leagtar amach in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras, agus eolaíocht atá cothrom le dáta á cur san áireamh, go háirithe an tuarascáil speisialta ó IPCC ar an Athrú Aeráide 1.5 °C maidir leis an téamh domhanda***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Athbhreithniú*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 30 Meitheamh 2027, bunaithe ar thorthaí an tuairiscithe agus na meastóireachta faoi Airteagal 22 den Rialachán seo, chomh maith lena thuarascálacha ar chur chun feidhme agus ar mheastóireacht faoi Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1d] [Rialachán CEF].*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2021/ … ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO ...).*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faisnéis ghinearálta a thabharfar cothrom le dáta, lena n-áirítear faisnéis gheografach, do gach tionscadal leasa choitinn; | (a) faisnéis ghinearálta a thabharfar cothrom le dáta, lena n-áirítear faisnéis gheografach ***agus rogha suímh agus ródaithe freisin ó thaobh an chomhshaoil de***, do gach tionscadal leasa choitinn; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) gach faisnéis is ábhartha faoi na comhairliúcháin phoiblí agus faoi na héisteachtaí arna ndéanamh maidir leis*** |

| | |
|---|---|
| | ***an tionscadal;*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na príomhthairbhí a bhfuiltear ag súil leo agus costais na dtionscadal, ach amháin aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de; | (c) na príomhthairbhí a bhfuiltear ag súil leo ***ó thaobh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tsaolré iomlán, rannchuidiú leis an gcuspóir neodrachta aeráide sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus comhtháthú an chórais fuinnimh de,*** agus costais na dtionscadal, ach amháin maidir le haon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25**Rialachán (CE) Uimh. 715/2009
Airteagal 8 – mír 10 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'Gach dhá bhliain, ***glacfaidh agus foilseoidh*** an ENTSO le haghaidh Gáis plean forbartha gréasáin uile-Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3. Cuimseofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, lena n-áirítear gréasáin hidrigine, forbairt cásanna, dearcadh Eorpach i leith leordhóthanacht soláthair agus measúnú ar sheasmhacht an chórais sa phlean forbartha uile-Aontais'. | 'Gach dhá bhliain, ***cuirfidh*** an ENTSO le haghaidh Gáis ***na sonraí ábhartha uile ar fáil do ACER agus don*** phlean ***comhtháite*** forbartha gréasáin uile-Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3. Áireofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, lena n-áirítear gréasáin hidrigine ***chomh maith le gréasáin téimh agus fuaraithe***, forbairt cásanna, dearcadh Eorpach i leith leordhóthanacht soláthair agus measúnú ar sheasmhacht an chórais sa phlean ***comhtháite*** forbartha uile-Aontais. ***Déanfar an plean a ailíniú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 agus leis na cásanna fadtéarmacha i dtreo neodracht aeráide.'*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na Ballstáit lena mbaineann: an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn. | Na Ballstáit lena mbaineann: an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, ***an Ísiltír,*** an Pholainn agus an tSualainn. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Eangach*** amach ón gcósta sna Mara Thuaidh ('EACMT'): forbairt ***eangaí*** comhtháite leictreachais amach ón gcósta agus na hidirnascairí gaolmhara sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann, i Muir nIocht, agus in uiscí comharsanachta chun leictreachas a iompar ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta chuig lárionaid ídithe agus stórála agus chun malartú ***leictreachais*** trasteorann a mhéadú. | ***Eangacha*** amach ón gcósta sna Mara Thuaidh ('EACMT'): forbairt ***eangach*** comhtháite leictreachais ***agus hidrigine*** amach ón gcósta agus na hidirnascairí gaolmhara sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann, i Muir nIocht, agus in uiscí comharsanachta chun leictreachas ***agus hidrigin*** a iompar ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta chuig lárionaid ídithe agus stórála agus chun malartú ***fuinnimh in-athnuaite*** trasteorann a mhéadú. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Eangach*** amach ón gcósta an Phlean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach ('PIMBF amach ón gcósta'): forbairt ***eangaí*** comhtháite leictreachais amach ón gcósta agus na hidirnascairí gaolmhara i Muir Bhailt agus in uiscí comharsanachta chun leictreachas a iompar ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta chuig lárionaid ídithe agus stórála agus chun malartú ***leictreachais*** trasteorann a mhéadú. | ***Eangacha*** amach ón gcósta an Phlean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach ('PIMBF amach ón gcósta'): forbairt ***eangach*** comhtháite leictreachais ***agus hidrigine*** amach ón gcósta agus na hidirnascairí gaolmhara i Muir Bhailt agus in uiscí comharsanachta chun leictreachas ***agus hidrigin*** a iompar ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta chuig lárionaid ídithe agus stórála agus chun malartú ***fuinnimh in-athnuaite*** trasteorann |

a mhéadú.

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Eangach*** amach ón gcósta an Deiscirt agus an Oirthir: forbairt ***eangaí*** comhtháite leictreachais amach ón gcósta agus na hidirnascairí gaolmhara sa Mheánmhuir, sa Mhuir Dhubh agus in uiscí comharsanachta chun leictreachas a iompar ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta chuig lárionaid ídithe agus stórála agus chun malartú ***leictreachais*** trasteorann a mhéadú. | ***Eangacha*** amach ón gcósta an Deiscirt agus an Oirthir: forbairt ***eangach*** comhtháite leictreachais ***agus hidrigine*** amach ón gcósta agus na hidirnascairí gaolmhara sa Mheánmhuir, i Muir Bhailt agus in uiscí comharsanachta chun leictreachas ***agus hidrigin*** ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a iompar chuig lárionaid ídithe agus stórála agus chun malartú ***fuinnimh in-athnuaite*** trasteorann a mhéadú. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Eangach amach ón gcósta Iardheisceart na hEorpa: forbairt eangaí comhtháite leictreachais amach ón gcósta agus na hidirnascairí gaolmhara san Aigeán Atlantach Thuaidh chun leictreachas a iompar ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta chuig lárionaid ídithe agus stórála agus chun malartú leictreachais trasteorann a mhéadú. | Eangach amach ón gcósta Iardheisceart na hEorpa: ***eangach leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt*** nó eangach chomhtháite leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt mar aon leis na hidirnascairí gaolmhara san Aigeán Atlantach Thuaidh chun leictreachas a iompar ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta go hionaid ídithe agus stórála agus chun malartú leictreachais trasteorann a mhéadú. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 4 – pointe 11 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Úsáid eangach leictreachais cliste: teicneolaíochtaí eangaí cliste a ghlacadh ar | Úsáid eangach leictreachais cliste: teicneolaíochtaí eangaí cliste a ghlacadh ar |

| | |
|---|---|
| fud an Aontais chun iompar agus gníomhaíochtaí na n-úsáideoirí uile atá nasctha leis an ngréasán leictreachais a chomhtháthú go héifeachtúil, go háirithe giniúint méideanna móra leictreachais ó fhoinsí ***in-athnuaite*** fuinnimh ***nó*** leithdháilte ***agus*** freagairt ar éileamh ***ó thomhaltóirí***. | fud an Aontais chun iompar agus gníomhaíochtaí na n-úsáideoirí uile atá nasctha leis an ngréasán leictreachais a chomhtháthú go héifeachtúil, go háirithe giniúint méideanna móra leictreachais ó fhoinsí leithdháilte fuinnimh ***in-athnuaite, agus na foinsí deonacha solúbthachta uile atá ar fáil, lena n-áirítear stóráil fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh,*** freagairt ar ***éileamh, agus feithiclí agus comhpháirteanna leictreacha agus suiteálacha leictreacha chun cáilíocht cumhachta leictrí agus sábháilteacht oibríochtúil a fheabhsú***. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 4 – pointe 12 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Gréasán*** dé-ocsaíd charbóin ***trasteorann***: bonneagar iompair ***dé-ocsaíd charbóin*** a fhorbairt ***idir na Ballstáit agus le tríú tíortha comharsanachta i bhfianaise úsáid ghabháil agus*** stóráil dé-ocsaíd charbóin. | ***Gréasáin*** dé-ocsaíd charbóin: bonneagar iompair ***dé-ocsaíd charbóin arna gabháil ó bhraislí tionsclaíocha le hastaíochtaí domhaolaithe chun críche stórála geolaíche*** a fhorbairt. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 4 – pointe 13 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Eangacha gáis cliste: teicneolaíochtaí ***eangaí gáis*** cliste a ghlacadh ar fud an Aontais chun ***iolrachas*** foinsí in-athnuaite ***agus ísealcharbóin*** gáis a chomhtháthú sa ghréasán ***gáis*** go héifeachtúil, tacú le glacadh réiteach nuálach maidir le bainistiú gréasáin agus comhtháthú na hearnála fuinnimh cliste agus freagairt ar éileamh a éascú. | Eangacha gáis cliste: teicneolaíochtaí cliste a ghlacadh ar fud an Aontais chun foinsí in-athnuaite gáis a chomhtháthú go héifeachtúil sa ghréasán***, i gcomhréir leis na sainmhínithe agus leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí ceaptha teasa a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001, agus hidrigin a tháirgtear ó shaoráidí leictrealaitheora a chomhlíonann na ceanglais saolré maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar*** |

***amach i bpointe (4) d'Iarscríbhinn II,*** tacú le glacadh réiteach nuálach maidir le bainistiú gréasáin agus comhtháthú na hearnála fuinnimh cliste agus freagairt ar éileamh a éascú.

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – cuid 4 – pointe 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Gréasáin téimh agus fuaraithe: gréasáin téimh agus fuaraithe a thógáil, a leathnú nó a athchóiriú, ag baint úsáid as teas agus fuacht ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh, amhail caidéil gheoiteirmeacha agus teaschaidéil ghréine, agus teaschaidéil, agus ó acmhainní barrachais teasa agus fuachta dhosheachanta, chomh maith le saoráidí stórála agus tiontaithe agus a dtrealamh gaolmhar.*** |
| | ***Na Ballstáit lena mbaineann: all.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) línte ***tarchurtha*** lasnairde ***ardvoltais, má ceapadh iad le haghaidh voltas 220 kV nó níos mó, agus*** cáblaí tarchurtha faoi thalamh agus faoi uisce***, má ceapadh iad le haghaidh voltas 150 kV nó níos mó***; | (a) cáblaí tarchurtha ***agus dáileacháin*** lasnairde, faoi thalamh agus faoi uisce; |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) saoráidí stórála leictreachais a úsáidtear chun leictreachas a stóráil ar | (b) saoráidí stórála leictreachais a úsáidtear chun leictreachas a stóráil ar |

| | |
|---|---|
| bhonn buan nó ar bhonn sealadach i mbonneagar os cionn talún nó faoi thalamh nó ar láithreáin gheolaíocha, ar choinníoll ***go bhfuil siad ceangailte go díreach le línte tarchurtha ardvoltais a ceapadh le haghaidh voltas 110 kV*** nó níos mó; | bhonn buan nó ar bhonn sealadach i mbonneagar os cionn talún nó faoi thalamh nó ar láithreáin gheolaíocha, ar choinníoll ***go bhfuil toilleadh 30 MW*** nó níos mó acu; |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) córais agus comhpháirteanna lena gcomhtháthaítear TFC, trí ardáin oibríochtúla dhigiteacha, córais rialaithe agus teicneolaíochtaí braite ar leibhéal tarchurtha ***agus*** ar leibhéal dáilte mheánvoltais ***araon***, arb é is aidhm dóibh gréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos cliste, acmhainneacht mhéadaithe chun foirmeacha nua giniúna, stórála agus tomhaltais a chomhtháthú agus samhlacha gnó agus struchtúir mhargaidh nua a éascú; | (d) córais agus comhpháirteanna lena gcomhtháthaítear TFC, trí ardáin oibríochtúla dhigiteacha, córais rialaithe agus teicneolaíochtaí braite ar leibhéal tarchurtha***,*** agus ar leibhéal dáilte mheánvoltais ***agus ísealvoltais***, arb é is aidhm dóibh gréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a dhéanamh ***níos cobhsaí, níos sábháilte,*** níos éifeachtúla agus níos cliste, ***cáilíocht cumhachta leictrí, sábháilteacht oibríochtúil agus*** acmhainneacht mhéadaithe chun foirmeacha nua giniúna, stórála***, feithiclí leictreacha*** agus tomhaltais a chomhtháthú agus samhlacha gnó agus struchtúir mhargaidh nua a éascú; ***áirítear leis sin comhpháirteanna a sholáthraíonn seirbhísí táimhe, táimhe sintéisí, insteallta srutha lochta, acmhainneachtaí foirmithe eangaí, rialaithe voltais, rialála minicíochta, cosanta agus faireacháin***; |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) aon ní ón trealamh nó ón tsuiteáil seo a leanas arb é is aidhm dóibh comhtháthú gás inathnuaite agus ***ísealcharbóin*** (***lena n-áirítear bithmheatán nó hidrigin***) sa ghréasán a | (a) aon ní ón trealamh nó ón tsuiteáil seo a leanas arb é is aidhm dóibh comhtháthú gás in-athnuaite sa ghréasán a chumasú agus a éascú: córais dhigiteacha agus comhpháirteanna lena |

| | |
|---|---|
| chumasú agus a éascú: córais dhigiteacha agus comhphháirteanna lena gcomhtháthaítear TFC, córais rialaithe agus teicneolaíochtaí braite chun gur féidir faireachán, méadrú, rialú cáilíochta agus bainistiú cliste a dhéanamh ar tháirgeadh, ***tarchur,*** dáileadh agus ídiú gáis laistigh de ghréasán ***gáis***. Ina theannta sin, féadfar a áireamh ar na tionscadail sin trealamh chun sreabha cúltreo a chumasú ón leibhéal dáilte go dtí an leibhéal tarchurtha agus uasghráduithe gaolmhara is gá ar an ngréasán atá ann cheana. | gcomhtháthaítear TFC, córais rialaithe agus teicneolaíochtaí braite chun gur féidir faireachán, méadrú, rialú cáilíochta agus bainistiú cliste a dhéanamh ar tháirgeadh, dáileadh agus ídiú gás laistigh de ghréasán. Ina theannta sin, féadfar a áireamh ar na tionscadail sin trealamh chun sreabha cúltreo a chumasú ón leibhéal dáilte go dtí an leibhéal tarchurtha agus uasghráduithe gaolmhara is gá ar an ngréasán atá ann cheana. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) píblínte ***tarchurtha*** chun hidrigin a iompar, lena dtugtar rochtain d'ilúsáideoirí gréasáin ar bhonn trédhearcach agus neamh‑idirdhealaitheach***, arb é atá iontu go príomha píblínte hidrigine ardbhrú, seachas píblínte chun hidrigin a dháileadh go háitiúil***; | (a) píblínte chun hidrigin a iompar ***agus a tharchur, nasctha le saoráidí leictrealaitheora a gcomhlíonann a dtáirgeadh na ceanglais saolré maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i bpointe (4)***, lena dtugtar rochtain d'ilúsáideoirí gréasáin ar bhonn trédhearcach agus neamh‑idirdhealaitheach; |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) saoráidí glactha, stórála agus athghásaithe nó dí‑chomhbhrúite le haghaidh hidrigin leachtaithe ***nó hidrigin atá leabaithe i substaintí ceimiceacha eile*** d'fhonn an hidrigin a instealladh isteach san eangach; | (c) saoráidí glactha, stórála agus athghásaithe nó dí‑chomhbhrúite le haghaidh hidrigin leachtaithe d'fhonn an hidrigin a instealladh isteach san eangach; |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) leictrealóirí: (ia bhfuil ar a laghad acmhainneacht ***100*** MW acu, (ii) a chomhlíonann an táirgeadh an ceanglas maidir le ***laghdú 70 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tsaolré i gcoibhneas le táirge comparáide breoslaí iontaise de 94g CO2e/MJ mar a leagtar amach in Airteagal 25(2) agus in Iarscríbhinn V de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***. Déantar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tsaolré a ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001 nó, de rogha air sin, trí úsáid a bhaint as ISO 14067 nó ISO 14064-1. Déanfar laghduithe cainníochtaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tsaolré a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2018/2001 i gcás inarb infheidhme, nó ag tríú páirtí neamhspleách, agus (iii) a bhfuil feidhm a bhaineann le gréasán acu freisin; | (a) leictrealóirí: (i) a bhfuil ar a laghad acmhainneacht ***20*** MW acu, (ii) a chomhlíonann an táirgeadh ***na critéir scagtha theicniúla arna mbunú faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2020/852.*** Déantar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tsaolré a ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001 nó, de rogha air sin, trí úsáid a bhaint as ISO 14067 nó ISO 14064-1. Déanfar laghduithe cainníochtaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa tsaolré a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2018/2001 i gcás inarb infheidhme, nó ag tríú páirtí neamhspleách, agus (iii) a bhfuil feidhm a bhaineann le gréasán acu freisin; |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) píblínte tiomnaithe***, seachas gréasán píblínte in aghaidh srutha,*** a úsáidtear chun dé-ocsaíd charbóin a iompar ó níos mó ná aon fhoinse amháin***, i.e. suiteálacha tionsclaíocha (lena n-áirítear gléasraí cumhachta)*** a tháirgeann gás dé-ocsaíde carbóin ó dhóchán nó ó imoibrithe ceimiceacha eile lena ngabhann comhdhúile iontaise nó neamhiontaise a bhfuil carbón iontu chun críocha stórála ***buaine*** geolaíche dé-ocsaíde carbóin de bhun Threoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na | (a) píblínte tiomnaithe a úsáidtear chun dé-ocsaíd charbóin a iompar ó níos mó ná aon fhoinse ***thionsclaíoch*** amháin a tháirgeann gás dé-ocsaíde carbóin ***dosheachanta*** ó dhóchán nó ó imoibrithe ceimiceacha eile lena ngabhann comhdhúile iontaise nó neamhiontaise a bhfuil carbón iontu chun críocha stórála geolaíche dé-ocsaíde carbóin de bhun Threoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61] ; |

hEorpa agus ón gComhairle[61] ;

[61] IO L 140, 5.6.2009, lch. 114.

[61] IO L 140, 5.6.2009, lch. 114.

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) maidir le gréasáin téimh agus fuaraithe: aon ní ón trealamh nó ó na suiteálacha seo a leanas arb é is aidhm dóibh comhtháthú teasa agus fuachta bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus acmhainní barrachais dhosheachanta teasa sa ghréasán a chumasú agus a éascú: píopaí atá feistithe le córais agus comhpháirteanna lena gcomhtháthaítear TFC, córais rialaithe agus teicneolaíochtaí braite chun gur féidir faireachán, méadrú, rialú teochta agus bainistiú a dhéanamh ar tháirgeadh, tarchur, dáileadh agus ídiú teasa agus fuachta laistigh de ghréasán; ina theannta sin, féadfar a áireamh ar na tionscadail sin trealamh chun comhtháthú teirmeastórála, stórála áitiúla teasa nó fuachta/oighir a chumasú ón leibhéal dáilte go dtí an gréasán atá ann cheana chun téamh ceantair agus fuarú ceantair dhá threo, mar aon le saoráidí tiontaithe, a chumasú.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| maidir le bonneagar fuinnimh a thagann faoi inniúlacht údarás rialála náisiúnta, i ngach Grúpa beidh ionadaithe ó na Ballstáit, ó na húdaráis rialála náisiúnta, ó na OCTanna, chomh maith le hionadaithe | maidir le bonneagar fuinnimh a thagann faoi inniúlacht údarás rialála náisiúnta, i ngach Grúpa beidh ionadaithe ó na Ballstáit, ó na húdaráis rialála náisiúnta, ó na OCTanna ***agus OCDanna***, chomh |

ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ón ENTSO le haghaidh Leictreachais ***nó*** ón ***ENTSO le haghaidh Gáis***, de réir mar is ábhartha.

maith le hionadaithe ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ón ENTSO le haghaidh Leictreachais ***agus eintiteas AE do OCDanna***, de réir mar is ábhartha.

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) tabharfaidh gach Grúpa cuireadh, de réir mar is iomchuí chun an tosaíocht ábhartha a ainmnítear in Iarscríbhinn I a chur chun feidhme, ar thionscnóirí tionscadail a d'fhéadfadh a bheith incháilithe le haghaidh roghnúcháin mar thionscadal leasa choitinn, mar aon le hionadaithe riarachán náisiúnta, údarás rialála ***agus OCTanna*** ó thríú tíortha. Beidh an cinneadh cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó thríú tíortha bunaithe ar chomhthoil. | (4) tabharfaidh gach Grúpa cuireadh, de réir mar is iomchuí chun an tosaíocht ábhartha a ainmnítear in Iarscríbhinn I a chur chun feidhme, ar thionscnóirí tionscadail a d'fhéadfadh a bheith incháilithe le haghaidh roghnúcháin mar thionscadal leasa choitinn, mar aon le hionadaithe ***ó riaracháin náisiúnta, údaráis rialála, údaráis áitiúla agus na pobail agus na pobail lena mbaineann, nó a gcomhlachais, a n-eagraíochtaí nó a ngrúpaí*** ó thríú tíortha. Beidh an cinneadh cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó thríú tíortha bunaithe ar chomhthoil. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) tabharfaidh gach grúpa cuireadh, de réir mar is iomchuí, do na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann páirtithe leasmhara ábhartha — agus, i gcás go meastar é a bheith iomchuí, ar na páirtithe leasmhara go díreach — lena n-áirítear táirgeoirí, oibreoirí córais dáileacháin, soláthraithe, tomhaltóirí, ***agus*** eagraíochtaí cosanta comhshaoil. Féadfaidh an Grúpa éisteachtaí nó comhairliúcháin a eagrú, i gcás inarb ábhartha ar mhaithe lena | (5) tabharfaidh gach grúpa cuireadh, de réir mar is iomchuí, do na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann páirtithe leasmhara ábhartha***,*** agus, i gcás go meastar é a bheith iomchuí, ar na páirtithe leasmhara go díreach***,*** lena n-áirítear táirgeoirí, ***saineolaithe neamhspleácha,***oibreoirí córais dáileacháin, soláthraithe, tomhaltóirí, eagraíochtaí cosanta comhshaoil ***agus na daonraí agus na pobail lena mbaineann,*** |

| | |
|---|---|
| chúraimí a chur i gcrích. | ***agus a gcomhlachais, a n-eagraíochtaí nó a ngrúpaí Sula n-ullmhóidh gach Grúpa an dréachtliosta réigiúnach agus nuair a bheidh na roghanna go léir fós oscailte, eagróidh siad comhairliúchán poiblí maidir leis an liosta réigiúnach. Áireofar ar na grúpaí sa chomhairliúchán na pobail agus na pobail a ndéanfar difear dóibh, mar aon lena gcomhlachais, lena n-eagraíochtaí nó lena ngrúpaí. Déanfar na tuairimí a nochtar sa chomhairliúchán a chur san áireamh agus an liosta á ullmhú. Foilseoidh na Grúpaí tuarascáil ina mbeidh achoimre ar na tuairimí a nochtar, conas a cuireadh san áireamh iad agus ina dtabharfar údar maith leis an bhfáth nár cuireadh aon cheann de na tuairimí san áireamh.*** Féadfaidh an Grúpa éisteachtaí nó comhairliúcháin ***eile*** a eagrú ***freisin***, i gcás inarb ábhartha ar mhaithe lena chúraimí a chur i gcrích ***agus rannpháirtíocht éifeachtach na ngníomhaithe áitiúla i measc an phobail a áirithiú***. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) maidir le cruinnithe na nGrúpaí, déanfaidh an Coimisiún na rialacha inmheánacha, liosta nuashonraithe de bhalleagraíochtaí, faisnéis a thugtar cothrom le dáta go rialta maidir le dul chun cinn na hoibre, cláir oibre na gcruinnithe, chomh maith le miontuairiscí cruinnithe***, i gcás ina mbeidh fáil orthu***, a fhoilsiú ar ardán atá inrochtana do ***gheallsealbhóirí***. Tá plé chomhlachtaí cinnteoireachta na nGrúpaí agus rangú na dtionscadal ***faoi rún***, i gcomhréir le hAirteagal 4(5). | (6) maidir le cruinnithe na nGrúpaí, foilseoidh an Coimisiún, ar ardán ***poiblí, tuarascáil a mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi, ina mbeidh an méid seo a leanas ar a laghad:*** an cur síos ar an tionscadal, na rialacha inmheánacha, liosta nuashonraithe de bhalleagraíochtaí, faisnéis a nuashonraítear go rialta maidir le dul chun cinn na hoibre, cláir oibre na gcruinnithe, liostaí na rannpháirtithe agus miontuairiscí na gcruinnithe. ***Déanfar liostaí, cláir oibre na gcruinnithe agus miontuairiscí na gcruinnithe a ullmhú agus a fhoilsiú do gach cruinniú. Beidh bonn cirt mionsonraithe sa tuarascáil sin ina léireofar an chaoi a rannchuideodh na tionscadail le spriocanna aeráide agus*** |

***fuinnimh 2030 an Aontais agus le cuspóir neodracht aeráide an Aontais. Beidh forléargas ann freisin ar na bearta a rinneadh chun cuimsiú iomlán agus rannpháirtíocht iomlán pobal áitiúil agus pobal imeallaithe a áirithiú.*** Déanfar plé chomhlachtaí cinnteoireachta na nGrúpaí agus rangú na dtionscadal i gcomhréir le hAirteagal 4(5) ***a thaifeadadh i miontuairiscí cruinnithe agus a fhoilsiú***.

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – cuid 2 – pointe 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) maidir le tionscadail a bhfuil céim leordhóthanach aibíochta sroichte acu, anailís costais agus tairbhe a bhaineann go sonrach leis an tionscadal, bunaithe ar na modheolaíochtaí arna bhforbairt ag ***an ENTSO le haghaidh Leictreachais nó ag an ENTSO le haghaidh Gáis*** de bhun Airteagal 11; | (c) maidir le thionscadail a bhfuil céim leordhóthanach aibíochta sroichte acu, anailís costais is tairbhe a bheadh sonrach do thionscadal ar leith bunaithe ar ***an modheolaíocht*** arna ***forbairt*** ag ***an nGníomhaireacht*** de bhun Airteagal 11 agus Iarscríbhinn V; |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ***Coinneoidh gach faighteoir*** aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi rún. | (2) ***déanfar an fhaisnéis a áireofar san iarratas ar thionscadal leasa choitinn a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an tionscadail thiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(7), agus*** rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de ***á cur san áireamh***. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Is é atá sna tionscadail ***tarchurtha agus stórála leictreachais*** atá beartaithe ar tionscadail leasa choitinn iad agus ***a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointe (1)(a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn II, is tionscadail iad atá i***na gcuid den phlean uile-Aontais deich mbliana is déanaí atá ar fáil maidir le forbairt gréasáin do ***leictreachas***, arna fhorbairt ag an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais de bhun Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/943***. Is é atá sna tionscadail tarchurtha agus stórála leictreachais atá beartaithe ar tionscadail leasa choitinn iad agus a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointe (1)(e) d'Iarscríbhinn II, is tionscadail iad a eascraíonn as an bplean maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta dá dtagraítear in Airteagal 14 (2) agus atá comhsheasmhach leis. | (3) na tionscadail leasa choitinn agus leasa ***fhrithpháirtigh*** atá beartaithe, is tionscadail iad atá ina gcuid den phlean uile-Aontais deich mbliana is déanaí atá ar fáil maidir le forbairt gréasáin arna fhorbairt ag an ***nGníomhaireacht***. Is é atá sna tionscadail tarchurtha agus stórála leictreachais ***agus eangaigh hidrigine*** atá beartaithe ar tionscadail leasa choitinn iad agus a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointe (1)(e) d'Iarscríbhinn II, is tionscadail iad a eascraíonn as an bplean maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta dá dtagraítear in Airteagal 14 (2) agus atá comhsheasmhach leis. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(4) amhail ón 1 Eanáir 2024, beidh na tionscadail bheartaithe hidrigine leasa choitinn a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II ina gcuid den phlean uile-Aontais deich mbliana is déanaí atá ar fáil maidir le forbairt gréasáin do ghás, arna fhorbairt ag an ENTSO le haghaidh Gáis de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| faoin 30 Meitheamh 2022, agus ina dhiaidh sin, i gcás gach plean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt, eiseoidh an ***ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** treoirlínte nuashonraithe maidir le tionscadail a áireamh i***na bpleananna*** uile-Aontais deich mbliana féin dá dtagraítear i ***bpointí (3) agus (4)*** chun cóir chomhionann agus trédhearcacht an phróisis a áirithiú. I gcás na dtionscadal uile a áirítear ar an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn i bhfeidhm ag an am, saineofar leis na treoirlínte próiseas simplithe chun iad a ***áireamh*** sna pleananna uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin trí bhíthin iad a ***áireamh go huathoibríoch***, agus na doiciméid agus na sonraí a tíolacadh cheana le linn ***phróisis*** an phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin roimhe sin á gcur san áireamh, fad is a bheidh an fhaisnéis iontu fós bailí. | faoin 30 Meitheamh 2022, agus ina dhiaidh sin, i gcás gach plean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt, eiseoidh an ***Ghníomhaireacht*** treoirlínte nuashonraithe maidir le tionscadail a áireamh ***sa phlean*** uile-Aontais deich mbliana dá dtagraítear i ***bpointe*** (3) chun cóir chomhionann agus trédhearcacht an phróisis a áirithiú. I gcás na dtionscadal uile a áirítear ar an liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn i bhfeidhm ag an am, saineofar leis na treoirlínte próiseas simplithe maidir le ***soláthar sonraí do phlean*** uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin ***trí bhíthin*** na doiciméid agus na sonraí a tíolacadh cheana le linn ***phróiseas*** an phlean uile-Aontais deich mbliana a áireamh, fad is a bheidh an fhaisnéis iontu fós bailí. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rachaidh ***an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus an ENTSO le haghaidh Gáis*** i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht faoina ndréacht-treoirlínte féin maidir le tionscadail a áireamh ***sna pleananna*** uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin agus tabharfaidh siad aird chuí ar na moltaí ón gCoimisiún agus ón nGníomhaireacht sula bhfoilseofar na treoirlínte deiridh. | Rachaidh a***n Ghníomhaireacht*** i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le ***ESABCC*** faoina ndréacht-treoirlínte maidir le tionscadail a áireamh ***sa phlean*** uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin agus tabharfaidh siad aird chuí ar na moltaí ón gCoimisiún agus***, i gcás ina bhfuil fáil orthu, moltaí ESABCC*** sula bhfoilseofar na treoirlínte deiridh. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) maidir le tionscadail bheartaithe iompair dé-ocsaíde carbóin a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn II, cuirfear i láthair iad ***mar chuid de phlean, arna fhorbairt ag dhá Bhallstát ar a laghad, d'fhonn bonneagar trasteorann iompair agus stórála dé-ocsaíde carbóin a fhorbairt, a chuirfidh na Ballstáit lena mbaineann nó na heintitis arna n*‑*ainmniú ag na Ballstáit sin faoi bhráid*** an Choimisiúin. | (6) maidir le tionscadail bheartaithe iompair dé-ocsaíde carbóin a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn II***, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann nó na heintitis arna n*‑*ainmniú ag na Ballstáit sin faoi bhráid an Choimisiúin iad***. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) laistigh de mhí amháin ón dáta a gheofar a tuairim cheangailteach ón nGníomhaireacht, déanfaidh comhlacht cinnteoireachta gach Grúpa a liosta réigiúnach críochnaitheach a ghlacadh, lena n-urramaítear na forálacha a leagtar amach in Airteagal 3(3), ar bhonn an togra ón nGrúpa agus an tuairim cheangailteach ón nGníomhaireacht agus measúnú na n-údarás rialála náisiúnta arna gcur isteach i gcomhréir le pointe (7), nó measúnú an Choimisiúin le haghaidh tionscadail nach dtagann faoi inniúlacht na n-údarás rialála náisiúnta a beartaíodh i gcomhréir le pointe (8), ***á gcur san áireamh***. Cuirfidh na Grúpaí na liostaí réigiúnacha críochnaitheacha faoi bhráid an Choimisiúin, i dteannta aon tuairimí mar a shonraítear i bpointe (9). | (13) laistigh de mhí amháin ón dáta a gheofar a tuairim cheangailteach ón nGníomhaireacht, déanfaidh comhlacht cinnteoireachta gach Grúpa a liosta réigiúnach críochnaitheach a ghlacadh, lena n-urramaítear na forálacha a leagtar amach in Airteagal 3(3), ar bhonn an togra ón nGrúpa agus ***comhsheasmhacht á háirithiú leis*** an tuairim cheangailteach ón nGníomhaireacht agus measúnú na n-údarás rialála náisiúnta arna gcur isteach i gcomhréir le pointe (7), nó measúnú an Choimisiúin le haghaidh tionscadail nach dtagann faoi inniúlacht na n-údarás rialála náisiúnta a beartaíodh i gcomhréir le pointe (8). Cuirfidh na Grúpaí na liostaí réigiúnacha críochnaitheacha faoi bhráid an Choimisiúin, i dteannta aon tuairimí mar a shonraítear i bpointe (9). |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) más rud é, ar bhonn na liostaí réigiúnacha a gheofar, agus tar éis an tuairim ón nGníomhaireacht a chur san áireamh, i gcás ina dtéann líon iomlán na dtionscadal leasa choitinn ar an liosta Aontais atá beartaithe thar líon inláimhseáilte i gcatagóir, déanfaidh an Coimisiún a bhreithniú, tar éis dul i gcomhairle le gach Grúpa lena mbaineann, gan tionscadail ar thug an Grúpa lena mbaineann an rangú is ísle dóibh sa chatagóir sin a áireamh ar liosta an Aontais, i gcomhréir leis an rangú a bunaíodh de bhun Airteagal 4(5)**.** | (14) más rud é, ar bhonn na liostaí réigiúnacha a gheofar, agus tar éis an tuairim ón nGníomhaireacht a chur san áireamh, i gcás ina dtéann líon iomlán na dtionscadal leasa choitinn ar an liosta Aontais atá beartaithe thar líon inláimhseáilte ***i gcatagóir***, déanfaidh an Coimisiún a bhreithniú, tar éis dul i gcomhairle le gach Grúpa lena mbaineann ***agus le Parlaimint na hEorpa***, gan tionscadail ar thug an Grúpa lena mbaineann an rangú is ísle dóibh ***sa chatagóir sin*** a áireamh ar liosta an Aontais, i gcomhréir leis an rangú a bunaíodh de bhun Airteagal 4(5). |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tionscadal a bhfuil tionchar suntasach trasteorann aige is ea tionscadal ar chríoch Ballstáit a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas***:*** | (1) tionscadal a bhfuil tionchar suntasach trasteorann ***nó inmhacasamhlú*** aige is ea tionscadal i gcríoch Ballstáit a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) maidir le tarchur leictreachais, méadaíonn an tionscadal toilleadh aistrithe na heangaí, nó an acmhainneacht atá ar fáil le haghaidh sreafaí trádála, ag teorainn an Bhallstáit sin le Ballstát eile nó le roinnt Ballstát eile, ***leis an toradh go mbeadh méadú 500 MV ar a laghad ar acmhainneacht aistrithe na heangaí trasteorann ag teorainn an Bhallstáit sin*** | (a) maidir le tarchur ***agus dáileadh*** leictreachais, méadaíonn nó coinníonn an tionscadal acmhainn aistrithe na heangaí, nó an toilleadh atá ar fáil do shreafaí tráchtála***, nó tá sé d'éifeacht aige toilleadh aistrithe na heangaí a mhéadú nó a chothabháil,*** ag teorainn an Bhallstáit sin le Ballstát amháin eile nó roinnt Ballstát eile, i gcomparáid leis an toilleadh aistrithe |

***le Ballstát eile nó le roinnt Ballstát eile*** i gcomparáid leis an acmhainneacht aistrithe a bheadh ann mura ndéanfaí an tionscadal a choimisiúnú;

a bheadh ann mura ndéanfaí an tionscadal a choimisiúnú;

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) maidir le stóráil leictreachais, cuirtear ar a laghad toilleadh suiteáilte ***225*** MW ar fáil leis an tionscadal ***agus tá acmhainneacht stórála aige a cheadaíonn 250 gigeavatuair ghlan de leictreachas a ghiniúint in aghaidh na bliana***; | (b) i gcás leictrealóirí, cuirtear ar a laghad ***30*** MW de thoilleadh suiteáilte ar fáil leis an tionscadal. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) maidir le heangacha leictreachais cliste, ***tá an tionscadal ceaptha le haghaidh trealaimh agus suiteálacha ar leibhéal ardvoltais agus meánvoltais. Baineann sé le hoibreoirí córas tarchurtha, oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin nó oibreoirí córas dáileacháin ó dhá Bhallstát ar a laghad. Ní féidir leis na hoibreoirí córas dáileacháin baint a bheith acu ach le tacaíocht ó na hoibreoirí córas tarchurtha, ó dhá Bhallstát ar a laghad, a bhfuil dlúthbhaint acu leis an tionscadal agus a áirithíonn idir-inoibritheacht. cumhdaíonn tionscadal 50000 úsáideoir, gineadóir, tomhaltóir nó táirgeoir leictreachais, i limistéar ídithe 300 Gigeavatuair in aghaidh na bliana ar a laghad, as a dtagann ar a laghad 20 % ó acmhainní inathnuaite athraitheacha;*** | (c) maidir le heangacha leictreachais cliste, ***is é toradh an tionscadail infheistíochtaí 200 MW ar a laghad i dtoilleadh aistrithe na heangaí a sheachaint ag aon cheann de theorainneacha an Bhallstáit ina bhfuil an tionscadal á fhorbairt nó ina bhfuil an tionscadal inmhacasamhlaithe i mBallstáit eile, arna fhianú le litir tacaíochta amháin ar a laghad ó oibreoir córais amháin ar a laghad atá lonnaithe i mBallstát eile;*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) maidir le tarchur hidrigine, déantar leis an tionscadal, tarchur hidrigine thar theorainneacha na mBallstát lena mbaineann a chumasú, nó toilleadh iompair hidrigine trasteorann atá ann cheana ag teorainn idir dhá Bhallstát a mhéadú faoi 10 % ar a laghad i gcomparáid leis an staid roimh choimisiúnú an tionscadail, agus déantar leis an tionscadal a léiriú go leordhóthanach gur cuid riachtanach de ghréasán hidrigine trasteorann pleanáilte é agus cruthúnas leordhóthanach a chur ar fáil maidir leis na pleananna atá ann cheana agus leis an gcomhar le tíortha comharsanachta agus le hoibreoirí gréasáin; | (d) maidir le tarchur ***agus dáileadh*** hidrigine, déantar leis an tionscadal, tarchur hidrigine thar theorainneacha na mBallstát lena mbaineann a chumasú, nó toilleadh iompair hidrigine trasteorann atá ann cheana ag teorainn idir dhá Bhallstát a mhéadú faoi 10 % ar a laghad i gcomparáid leis an staid roimh choimisiúnú an tionscadail, agus déantar leis an tionscadal a léiriú go leordhóthanach gur cuid riachtanach de ghréasán hidrigine trasteorann pleanáilte é agus cruthúnas leordhóthanach a chur ar fáil maidir leis na pleananna atá ann cheana agus leis an gcomhar le tíortha comharsanachta agus le hoibreoirí gréasáin, ***nó freastalaíonn an tionscadal ar dhá bhraisle thionsclaíocha ar a laghad agus/nó dhá mhoil iompair ilmhódaigh***; |

Leasú 132

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) i gcás saoráidí stórála hidrigine nó saoráidí glactha hidrigine dá dtagraítear i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, is é is aidhm don tionscadal freastal ar dhá Bhallstát ar a laghad go díreach nó go hindíreach***;*** | (e) i gcás saoráidí stórála hidrigine nó saoráidí glactha hidrigine dá dtagraítear i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, is é is aidhm don tionscadal soláthar a dhéanamh go díreach nó go hindíreach ***do dhá Bhallstát ar a laghad nó do dhá bhraisle thionsclaíocha agus/nó moil iompair ilmhódúla ar a laghad***; |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) i gcás leictrealóirí, cuirtear ar a laghad ***100*** MW de thoilleadh suiteáilte ar fáil leis an tionscadal agus baineann dhá Bhallstát ar a laghad tairbhe as, go díreach nó go hindíreach; | (f) i gcás leictrealóirí, cuirtear ar a laghad ***20*** MW de thoilleadh suiteáilte ar fáil leis an tionscadal agus baineann dhá Bhallstát ar a laghad tairbhe as, go díreach nó go hindíreach, ***nó dhá bhraisle thionsclaíocha ar a laghad agus/nó dhá mhoil iompair ilmhódaigh;*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) i gcás eangacha gáis cliste, ***tá baint ag oibreoirí córas tarchurtha, oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin nó oibreoirí córas dáileacháin ó dhá Bhallstát ar a laghad le tionscadal. Ní féidir leis na hoibreoirí córas dáileacháin baint a bheith acu ach le tacaíocht ó na hoibreoirí córas tarchurtha, ó dhá Bhallstát ar a laghad, a bhfuil dlúthbhaint acu leis an tionscadal agus a áirithíonn idir-inoibritheacht.*** | (g) maidir le heangacha gáis chliste, ***is é an toradh a bhíonn ar thionscadal go seachnaítear infheistíochtaí sa bhonneagar trasteorann sa Bhallstát lena mbaineann, in allmhairí breosla laghdaithe chuig an Aontas, agus i dtoilleadh gáis in-athnuaite a chuirtear in ionad gáis iontaise, agus gur féidir tionscadal a mhacasamhlú i mBallstáit eile, arna fhianú le litir tacaíochta amháin ar a laghad ó oibreoir córais amháin ar a laghad atá lonnaithe i mBallstát eile;*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) i gcás líonraí téimh agus fuaraithe, is é an toradh a bhíonn ar an tionscadal infheistíochtaí sa bhonneagar trasteorann a sheachaint sa Bhallstát lena mbaineann, agus allmhairí breosla laghdaithe chuig an Aontas, agus toilleadh táirgeachta teasa [X] MW ar a laghad aige nó toilleadh fuaraithe [Y] MW, nó gur féidir an tionscadal a*** |

| | |
|---|---|
| | ***mhacasamhlú i mBallstáit eile, arna fhianú le litir tacaíochta amháin ar a laghad ó oibreoir córais amháin ar a laghad atá lonnaithe i mBallstát eile;*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gb) i gcás líonraí dé-ocsaíde carbóin, is féidir dhá bhraisle thionsclaíocha ar a laghad atá lonnaithe in dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad a nascadh le hastaíochtaí neamh-bhriste.*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i)*** i gcás tionscadail leasa fhrithpháirtigh sa chatagóir a leagtar amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, éascaíonn an tionscadal hidrigin a tharchur thar theorainn Ballstáit le tríú tír amháin nó níos mó agus éiríonn leis tairbhí suntasacha a thabhairt, faoi na critéir shonracha a liostaítear in Airteagal 4(3), do dhá Bhallstát ar a laghad. Déanfaidh agus foilseoidh an ***ENTSO le haghaidh Gáis*** ríomh na sochar do na Ballstáit faoi chuimsiú an phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin; | ***(b)*** i gcás tionscadail leasa fhrithpháirtigh sa chatagóir a leagtar amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn II, éascaíonn an tionscadal hidrigin a tharchur thar theorainn Ballstáit le tríú tír amháin nó níos mó agus éiríonn leis tairbhí suntasacha a thabhairt, faoi na critéir shonracha a liostaítear in Airteagal 4(3), do dhá Bhallstát ar a laghad. Déanfaidh agus foilseoidh an ***ghníomhaireacht*** ríomh na sochar do na Ballstáit faoi chuimsiú an phlean uile-Aontais deich mbliana maidir le forbairt gréasáin; |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 3 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) maidir le tarchur leictreachais, méid an toillidh giniúna ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite a mheas (de réir teicneolaíochta, i meigeavatanna), atá nasctha agus tarchurtha i ngeall ar an tionscadal, i gcomparáid leis an toilleadh iomlán bheartaithe giniúna ó na cineálacha sin foinsí inathnuaite fuinnimh sa Bhallstát lena mbaineann in 2030 de réir na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide arna dtíolacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]; | (i) maidir le tarchur ***agus dáileadh*** leictreachais, méid an toillidh giniúna ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite a mheas (de réir teicneolaíochta, i meigeavatanna), atá nasctha agus tarchurtha i ngeall ar an tionscadal, i gcomparáid leis an toilleadh iomlán bheartaithe giniúna ó na cineálacha sin foinsí inathnuaite fuinnimh sa Bhallstát lena mbaineann in 2030 de réir na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide arna dtíolacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]; |
| [62] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). | [62] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Inbhuanaitheacht arna tomhas mar rannchuidiú tionscadail leis na nithe seo: laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i bhfeidhmeanna úsáide deiridh éagsúla, amhail tionscal nó iompar; solúbthacht | (a) Inbhuanaitheacht arna tomhas mar rannchuidiú tionscadail leis na nithe seo: laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i bhfeidhmeanna úsáide deiridh éagsúla ***ar deacair iad a mhaolú***, amhail tionscal nó |

| | |
|---|---|
| agus roghanna stórála séasúracha le haghaidh giniúint leictreachais in-athnuaite; ***nó*** comhtháthú hidrigine in-athnuaite. | iompar; solúbthacht agus roghanna stórála séasúracha le haghaidh giniúint leictreachais in-athnuaite; ***agus*** comhtháthú hidrigine in-athnuaite. |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) leibhéal inbhuanaitheachta arna thomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an ***sciar de gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin arna gcomhtháthú sa ghréasán gáis,*** an laghdú gaolmhar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i dtreo dhícharbónú ***iomlán an chórais agus brath leordhóthanach sceite***. | (a) leibhéal na hinbhuanaitheachta arna thomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an ***saolré iomlán agus ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an chórais*** i dtreo dícharbónú iomlán ***an chórais***. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cáilíocht agus cinnteacht an tsoláthair arna dtomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcóimheas idir an soláthar gáis atá ar fáil go hiontaofa agus buaicéileamh, ar an sciar d'allmhairithe a gcuirtear gáis ***ísealcharbóin agus*** inathnuaite áitiúla ina n-ionad, ar chobhsaíocht an oibrithe córais, ar fhad agus ar mhinicíocht bristeacha in aghaidh an chustaiméara. | (b) cáilíocht agus cinnteacht an tsoláthair arna dtomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcóimheas idir an soláthar gáis atá ar fáil go hiontaofa agus buaicéileamh, ar an sciar d'allmhairithe a gcuirtear gáis inathnuaite áitiúla ina n-ionad, ar chobhsaíocht an oibrithe córais, ar fhad agus ar mhinicíocht bristeacha in aghaidh an chustaiméara. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) maidir le gréasáin téimh agus fuaraithe a thagann faoin gcatagóir a*** |

***leagtar amach i bpointe (2) d'Iarscríbhinn II, déanfar na critéir a liostaítear in Airteagal 4 a mheas mar a leanas:***

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 a – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) leibhéal inbhuanaitheachta arna thomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an sciar d'fhuinneamh inathnuaite arna gcomhtháthú sa ghréasán, an laghdú gaolmhar ar an saolré iomlán agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i dtreo dhícharbónú iomlán an chórais agus barrachas teasa/fuachta dosheachanta a luacháladh leis an tionscadal;*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 a – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) cáilíocht agus cinnteacht an tsoláthair arna dtomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcóimheas idir an soláthar atá ar fáil go hiontaofa agus éileamh, ar an sciar fuinnimh iontaise-bhunaithe a gcuirtear fuinneamh inathnuaite áitiúil agus barrachas teasa/fuachta dosheachanta ina n-ionad, ar chobhsaíocht an oibrithe córais agus rannchuidiú le teirmeastóráil agus tiontú;*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 a – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) éascú a dhéanamh ar*** |

***chomhtháthú na hearnála fuinnimh cliste arna thomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcoigilteas costais arna dhéanamh in earnálacha agus i gcórais fuinnimh nasctha, amhail córais chumhachta, agus tionscal.***

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) maidir le tionscadail iompair carbóin a thagann faoin gcatagóir a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn II, déanfar na critéir a liostaítear in Airteagal 4 a mheas mar a leanas:*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 b – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar fud an chórais agus ar an saolré iomlán sna cnuasaigh nasctha de shuiteálacha tionsclaíocha, nach bhféadfaí a bhaint amach tríd an leictriú díreach, trí nuálaíochtaí próisis, trí éifeachtúlacht fuinnimh agus trí úsáid dhíreach fuinnimh in-athnuaite; beidh ráta gabhála an trealaimh gabhála arna shuiteáil ag suiteálacha tionsclaíocha níos mó ná 90 %.*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7c) maidir le tionscadail a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a*** |

| | |
|---|---|
| | ***leagtar amach i bpointí (1) go (5a), beidh na ceanglais seo a leanas infheidhme:*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 c – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) maidir le rannchuidiú tionscadail leis na critéir a liostaítear in Airteagal 4(3) agus ar na táscairí comhfhreagracha a leagtar amach i bpointe (3) go pointe (7) den Iarscríbhinn seo, beidh an ráta úsáide réamhaisnéise ar cheann de na paraiméadair a bheidh le meas chun measúnú a dhéanamh air; le linn a shaolré, sroichfidh gach tionscadal meánráta úsáide bliantúil íosta arna shainiú sa mhodheolaíocht don anailís costais is tairbhe ar fud an chórais fuinnimh agus comhoiriúnacht don aeráid dá dtagraítear in Airteagal 11 agus in Iarscríbhinn V, agus coinneoidh sé ar bun é;*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 c – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) comhlíonfaidh gach tionscadal critéir inbhuanaitheachta eile a bhaineann leis na cuspóirí maidir le húsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní a chomhlíonadh, lena n-áirítear uisce, dramhaíl a láimhseáil agus úsáid mhéadaithe amhábhar agus ábhar tánaisteach a íoslaghdú, cosc agus rialú ar thruailliú, bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, chomh maith le cáilíocht an aeir; san anailís ar chomhlíonadh na gcritéar sin, is féidir aird a thabhairt ar tháscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha le*** |

| | |
|---|---|
| | ***haghaidh chomparáid a dhéanamh ar na costais aonaid infheistíochta.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 7 c – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) maidir le rannchuidiú an tionscadail le nascacht agus/nó comhtháthú fuinnimh inathnuaite agus/nó a chomhtháthú agus leis an saolré iomlán agus le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an chórais, déanfar gach tionscadal a mheasúnú trí chomparáid a dhéanamh idir an cás in éagmais an tionscadail agus an staid i láthair an tionscadail, ag féachaint dá ráta úsáide réamh-mheasta mar a leagtar amach sa phointe seo.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ANAILÍS UILE-CHÓRAIS COSTAIS IS TAIRBHE AR FHUINNEAMH | Anailís uile-chórais chostais is tairbhe agus ***comhoiriúnachta aeráide*** ar fhuinneamh |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an mhodheolaíocht le haghaidh anailís chomhchuibhithe chostais is tairbhe ar an gcóras fuinnimh uile do thionscadail leasa choitinn na prionsabail seo a leanas a chomhlíonadh**.** | Déanfaidh an mhodheolaíocht le haghaidh anailís chomhchuibhithe chostais is tairbhe ***agus comhoiriúnachta aeráide*** ar an gcóras fuinnimh uile do thionscadail leasa choitinn na prionsabail seo a leanas a chomhlíonadh***:*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) sa limistéar sin ina ndéanfar anailís ar thionscadal ar leith, cuimseofar gach Ballstát agus tríú tír a bhfuil an tionscadal lonnaithe ina gcríoch, gach Ballstát atá go díreach in aice láimhe agus gach Ballstát eile a mbeidh tionchar suntasach ag an tionscadal orthu. Chun na críche sin, oibreoidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais agus ***an ENTSO le haghaidh Gáis*** i gcomhar leis na hoibreoirí córais ábhartha go léir sna tríú tíortha ábhartha. | (1) sa limistéar sin ina ndéanfar anailís ar thionscadail ar leith, cuimseofar gach Ballstát agus tríú tír a bhfuil an tionscadal lonnaithe ina gcríoch, gach Ballstát atá go díreach in aice láimhe agus gach Ballstát eile a mbeidh tionchar suntasach ag an tionscadal orthu. Chun na críche sin, oibreoidh an ENTSO le haghaidh Leictreachais i gcomhar leis na hoibreoirí córais ábhartha go léir sna tríú tíortha ábhartha. |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) áireofar i ngach anailís costais is tairbhe anailísí íogaireachta a bhaineann leis an tacar sonraí ionchuir, dáta coimisiúnaithe na dtionscadal difriúil sa limistéar céanna anailíse agus paraiméadair ábhartha eile. | (2) áireofar i ngach anailís costais is tairbhe anailísí íogaireachta a bhaineann leis an tacar sonraí ionchuir, dáta coimisiúnaithe na dtionscadal difriúil sa limistéar céanna anailíse, ***tionchar aeráide amhail ardú na dteochtaí agus iolrú eachtraí adhaimsire agus paraiméadair ábhartha eile***. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) cuimseoidh sé agus míneoidh sé an chaoi a gcuirtear ***céadphrionsabal*** na héifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme le linn gach céim de na ***Pleananna*** deich mbliana Forbartha Gréasáin. | (5) áireoidh sé agus míneoidh sé inti conas a chuirfear chun feidhme ***prionsabal*** 'tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh' a***gus conas a dhéantar éifeachtúlacht an chórais a mheas*** i ngach céim den ***Phlean*** Forbartha Gréasáin deich mbliana, ***trí mheasúnú a dhéanamh ar na*** |

| | |
|---|---|
| | ***réitigh ábhartha uile nach mbaineann le bonneagar, amhail scéimeanna bainistíochta deonacha margadhbhunaithe atá dírithe ar an éileamh agus athchóiriú foirgneamh, agus measfar gur réiteach tosaíochta iad nuair a mheasfar iad a bheith níos éifeachtaí agus níos costéifeachtúla ó thaobh córais de ná tógáil bonneagair nua ar thaobh an tsoláthair. Socrófar leis cuspóirí maidir le hoibríocht ghréasáin ar éifeachtúlacht fuinnimh.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) cuimseoidh sé agus míneoidh sé an chaoi a gcuirtear an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh' chun feidhme le linn gach céim de na Pleananna deich mbliana Forbartha Gréasáin.*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) áiritheoidh sé astaíochtaí saolré iomlán de thionscadal ó eastóscadh go húsáid dheireadh, chomh maith leis na cinn a thagann as tógáil agus oibríocht bonneagair nua atá nasctha leis agus a bhaineann leis. Áiritheoidh sé na costais a bhaineann leis sin go cuí i measúnú costais is tairbhe an tionscadail a bhaineann tairbhe as an mbonneagar lena mbaineann.*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) cuirfidh sé, ar a laghad, san áireamh an caiteachas caipitiúil, costais caiteachais oibríochtúla agus cothabhála ar feadh shaolré mheasúnaithe an tionscadail agus costais díchoimisiúnaithe agus bainistíochta dramhaíola, i gcás inarb ábhartha. Tabharfar treoir sa mhodheolaíocht maidir le rátaí lascaine, saolré mheasúnaithe agus luach iarmharach atá le húsáid sna ríomhanna costais agus tairbhe. | (7) cuirfidh sé, ar a laghad, san áireamh an caiteachas caipitiúil, costais caiteachais oibríochtúla agus cothabhála ar feadh shaolré mheasúnaithe an tionscadail agus costais díchoimisiúnaithe agus bainistíochta dramhaíola, i gcás inarb ábhartha. Tabharfar treoir sa mhodheolaíocht maidir le rátaí lascaine, ***(lena n-áirítear ráta lascaine cothrom le dáta, réalaíoch do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh),*** saolré mheasúnaithe agus luach iarmharach atá le húsáid sna ríomhanna costais agus tairbhe. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) áiritheoidh sé go ndéanfar na bearta oiriúnaithe don athrú aeráide arna ndéanamh do gach tionscadal a mheasúnú agus go léireofar leo costas na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhealach atá comhsheasmhach le beartais eile an Aontais. | (8) áiritheoidh sé go ndéanfar na bearta ***maolaithe agus*** oiriúnaithe don athrú aeráide arna ndéanamh do gach tionscadal a mheasúnú agus go léireofar leo costas na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhealach atá comhsheasmhach le beartais eile an Aontais. |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an liosta de na cinntí agus na tuairimí ábhartha atá le fáil; | (b) an liosta de na cinntí agus na tuairimí ábhartha atá le fáil***, lena n-áirítear tuairimí ón tsochaí shibhialta agus ó údaráis áitiúla***l |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ainmneacha agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil, údarás eile agus na ngeallsealbhóirí móra lena mbaineann; | (c) ainmneacha agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil, údarás eile agus na ngeallsealbhóirí móra lena mbaineann***, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus an tsochaí shibhialta***; |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) módúlachtaí ina léireoidh an t-údarás inniúil, údaráis eile lena mbaineann agus an tionscnóir tionscadal gur cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sa chomhairliúchán poiblí, ***mar shampla*** trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh agus dearadh an tionscadail ***nó*** trí údar maith a thabhairt maidir le cén fáth nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh; | (g) módúlachtaí ina léireoidh an t-údarás inniúil, údaráis eile lena mbaineann agus an tionscnóir tionscadal gur cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sa chomhairliúchán poiblí, trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh agus dearadh an tionscadail ***agus*** trí údar maith a thabhairt maidir le cén fáth nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) ***a mhéid is féidir,*** aistriúcháin ar a bhfuil ann i dteangacha uile na mBallstát comharsanachta arna ndéanamh i gcomhar leis na Ballstáit chomharsanachta féin; | (h) aistriúcháin ar a bhfuil ann i dteangacha uile na mBallstát comharsanachta arna ndéanamh i gcomhar leis na Ballstáit chomharsanachta féin; |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) an moladh maidir leis an bhfaisnéis a fhoilsiú ar bhealach atá*** |

***inrochtana don phobal: trí shuíomh gréasáin, chomh maith le leagan páipéir a bhfuil rochtain ag an bpobal air in oifigí na n-údarás áitiúil agus póstaer lena bhfógraítear an comhairliúchán agus módúlachtaí rannpháirtíochta i ngach ceann de na críocha a mbaineann an tionscadal leo;***

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag tionscadal leasa choitinn orthu, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, úinéirí talún agus saoránaigh atá ina gcónaí i gcóngar an tionscadail, an pobal i gcoitinne agus a gcomhlachais, a n-eagraíochtaí nó a ngrúpaí, cuirfear ar an eolas iad go forleathan agus rachfar i gcomhairle leo ***ag an tús***, nuair is féidir ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal fós a chur san áireamh, ar bhealach oscailte agus trédhearcach. I gcás inarb ábhartha, tacóidh an t-údarás inniúil go gníomhach leis na gníomhaíochtaí a ghabhann an tionscnóir tionscadail ar láimh; | (a) na geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag tionscadal leasa choitinn orthu, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, úinéirí talún agus saoránaigh atá ina gcónaí i gcóngar an tionscadail, an pobal i gcoitinne agus a gcomhlachais, a n-eagraíochtaí nó a ngrúpaí, cuirfear ar an eolas iad go forleathan agus rachfar i gcomhairle leo ***ar a laghad 3 mhí roimh an tréimhse iarratais,*** nuair is féidir ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal fós a chur san áireamh, ar bhealach ***cuimsitheach***, oscailte agus trédhearcach. I gcás inarb ábhartha, tacóidh an t-údarás inniúil go gníomhach leis na gníomhaíochtaí maidir le ***trédhearcacht agus rannpháirtíocht an phobail*** a ghabhann an tionscnóir tionscadail ar láimh. |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) áiritheoidh údaráis inniúla go ndéanfar nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí do thionscadail leasa choitinn a ghrúpáil le chéile ***nuair is féidir,*** lena n-áirítear comhairliúcháin | (b) áiritheoidh údaráis inniúla go ndéanfar nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí do thionscadail leasa choitinn a ghrúpáil le chéile, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí atá ag |

| | |
|---|---|
| phoiblí atá ag teastáil cheana faoin dlí náisiúnta. Cumhdófar faoi gach comhairliúchán poiblí gach ábhar a bhaineann le céim áirithe den nós imeachta, agus ní thabharfar aghaidh ar ábhar amháin a bhaineann le céim áirithe den nós imeachta i níos mó ná comhairliúchán poiblí amháin; féadfaidh comhairliúchán poiblí amháin, áfach, tarlú i níos mó ná láthair gheografach amháin. Cuirfear na hábhair a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhairliúchán poiblí in iúl go soiléir san fhógra maidir leis an gcomhairliúchán poiblí. | teastáil cheana faoin dlí náisiúnta. Cumhdófar faoi gach comhairliúchán poiblí gach ábhar a bhaineann le céim áirithe den nós imeachta, agus ní thabharfar aghaidh ar ábhar amháin a bhaineann le céim áirithe den nós imeachta i níos mó ná comhairliúchán poiblí amháin; féadfaidh comhairliúchán poiblí amháin, áfach, tarlú i níos mó ná láthair gheografach amháin. Cuirfear na hábhair a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhairliúchán poiblí in iúl go soiléir san fhógra maidir leis an gcomhairliúchán poiblí; |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) I gcomhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí atá le déanamh roimh an gcomhad iarratais a chur isteach, déanfaidh na comhpháirtithe ábhartha na nithe seo a leanas ar a laghad: | (5) i gcomhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí atá le déanamh ***ar a laghad 8 seachtaine*** roimh an gcomhad iarratais a chur isteach, déanfaidh na comhpháirtithe ábhartha na nithe seo a leanas ar a laghad: |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bileog faisnéise nach mó ná 15 leathanach a fhoilsiú ina dtabharfar, ar bhealach soiléir agus achomair, léargas ar an tuairisc, ar an gcuspóir agus ar an dréacht-tráthchlár le haghaidh chéimeanna forbartha an tionscadail, plean forbartha na heangacha náisiúnta, bealaí malartacha a breithníodh, cineálacha agus saintréithe na dtionchar féideartha, lena n-áirítear tionchair thrasteorann, agus bearta maolaithe féideartha, a fhoilseofar ***roimh*** thús an chomhairliúcháin***;*** Ina theannta sin, liostófar sa bhileog faisnéise liosta de na | (a) bileog faisnéise nach mó ná 15 leathanach a fhoilsiú ina dtabharfar, ar bhealach soiléir agus achomair, léargas ar an tuairisc, ar an gcuspóir agus ar an dréacht-tráthchlár le haghaidh chéimeanna forbartha an tionscadail, plean forbartha na heangaí náisiúnta, bealaí malartacha a breithníodh, cineálacha agus saintréithe na dtionchar féideartha, lena n-áirítear tionchair thrasteorann, agus bearta maolaithe féideartha, a fhoilseofar ***ar a laghad 8 seachtaine roimh*** thús an chomhairliúcháin***.*** Ina theannta sin, |

| | |
|---|---|
| seoltaí gréasáin atá ar shuíomh gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), ar an gclár oibre trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 23 agus sa lámhleabhar nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (1); | liostófar sa bhileog faisnéise liosta de na seoltaí gréasáin atá ar shuíomh gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), ar an gclár oibre trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 23 agus sa lámhleabhar nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (1); ***beidh rochtain phoiblí ar an mbileog seo: trí shuíomh gréasáin, ar a laghad, chomh maith le leagan páipéir a bhfuil rochtain ag an bpobal air in oifigí na n-údarás áitiúil;*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an fhaisnéis faoin gcomhairliúchán a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), ar bhoird fógraí in oifigí riarachán áitiúil, agus, ar a laghad, in dhá cheann, a laghad, de na foinsí meán áitiúla; | (b) an fhaisnéis faoin gcomhairliúchán a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), ar bhoird fógraí in oifigí riarachán áitiúil, ar phóstaer leathanaigh amháin a léirítear go poiblí ***agus, ar a laghad 8 seachtaine roimh an gcomhad iarratais a chur isteach, in dhá fhoinse meán áitiúla ar a laghad***; |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tabharfar cuireadh i scríbhinn do gheallsealbhóirí ábhartha, comhlachais, eagraíochtaí agus grúpaí a mbeidh tionchar ag an tionscadal orthu chuig cruinnithe tiomanta, agus pléifear aon imní a bheidh orthu lena linn; | (c) tabharfar cuireadh i scríbhinn do pháirtithe leasmhara ábhartha, comhlachais, eagraíochtaí agus grúpaí a mbeidh tionchar ag an tionscadal orthu chuig cruinnithe tiomanta, agus pléifear aon imní a bheidh orthu lena linn, ***ar a laghad 8 seachtaine roimh an gcomhad iarratais a chur isteach***. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 5 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) tabharfar aird speisialta ar phobail leochaileacha, pobail a n-imrítear tionchar orthu agus daoine atá scartha amach ó rochtain ar fhaisnéis. Déanfaidh an tionscnóir fógra a thíolacadh lena léireofar a phróiseas comhairliúcháin leis na pobail sin;*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) foilseofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar shuíomh gréasáin an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 9(7): | (6) foilseofar ***agus nuashonraítear go rialta*** an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar shuíomh gréasáin an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 9(7): |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 6 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) gach faisnéis is ábhartha faoi na comhairliúcháin phoiblí agus faoi na héisteachtaí a cuireadh i gcrích.*** |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA N-EINTITEAS NÓ NA NDAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| Eintiteas agus/nó duine |
|---|
| Artelys |
| CEE Bankwatch Network |
| ClientEarth |
| Climate Action Network Europe - CAN Europe |
| Corporate Europe Observatory CEO |
| E.DSO |
| E3G |
| Ecologistas en Acción |
| Electricité de France (EDF) |
| Enel |
| Ataiséanna fuinneamh na mBuanionadaithe náisiúnta: An Fhrainc, Lucsamburg |
| Euro Heat & Power |
| Eurogas |
| European Biogas Association |
| An Coimisiún Eorpach: AS ENER, AS ENVI |
| European Energy Forum EEF |
| Food & Water Action Europe |
| Friends of the Earth Europe |
| Global Witness |
| Greenpeace |
| Hitachi ABB powergrids |
| Hydrogen Europe |
| Institut du Développement Durable et des Relations Internationales - IDDRI |
| Nabu |
| Negative Emission Platform |
| Rialálaithe |
| Orsted: ACER, CEER, CRR |
| SmartEn |
| SolarPower Europe |
| Wien Energy, Wiener Stadtwerke, Wiener Netze |
| Wind Europe |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 |
| **Tagairtí** | COM(2020)0824 – C9-0417/2020 – 2020/0360(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>18.1.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>18.1.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Marie Toussaint<br>18.2.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 22.4.2021 21.6.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 22.6.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 44<br>–: 35<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Monika Beňová, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Eleonora Evi, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Ryszard Antoni Legutko, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ştefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Frédérique Ries, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Linea Søgaard-Lidell, Maria Spyraki, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicolás González Casares, Sophia in 't Veld, Susana Solís Pérez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 44 | + |
|---|---|
| NI | Athanasios Konstantinou |
| PPE | Michal Wiezik |
| Renew | Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Sophia in 't Veld, Frédérique Ries, Susana Solís Pérez, Nicolae Ştefănuță, Linea Søgaard-Lidell, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Emma Wiesner |
| S&D | Nikos Androulakis, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Cyrus Engerer, Nicolás González Casares, Jytte Guteland, Javi López, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Bas Eickhout, Eleonora Evi, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |

| 35 | - |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Ryszard Antoni Legutko, Rob Rooken, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| ID | Simona Baldassarre, Aurélia Beigneux, Marco Dreosto, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin, Silvia Sardone |
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Dan-Ştefan Motreanu, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Maria Spyraki, Pernille Weiss |

| | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh